AN GHAEILGE AGUS ÉIRÍ AMACH 1916

Márta 10, 2016

Forlíonadh speisialta urraithe ag

Foras na Gaeilge

An Gúm



Ar fáil mar ríomhleabhar chomh maith ar na hardáin díolacháin ríomhleabhar ar fad

DRACULA

Bram Stoker

3 Bealtaine, Bistritz — D'fhág mé München ar 8.35 p.m., Lá Bealtaine agus ráinigh mé Vín i moiche maidine arna mhárach; ar 6.46 bhí an traein le bheith ann, ach bhí sí uair an chloig déanach. Níor mhuinín liom dul rófhada ón stáisiún i mBúdaipeist, mar nach raibh an traein istigh in am agus go gcaithfeadh sí bogadh arís mar a bhí beartaithe di. Ba mhalartú Iarthar ar Oirthear liomsa é; bhíomar i measc iarsma smachta na dTurcach iar ndul dúinn thar an droichead is iartharaí de dhroichid dhaingne na Danóibe atá go leathan domhain san áit sin...

Eagrán nua é seo den aistriúchán iomráiteach a rinne Seán Ó Cuirrín ar mhórshaothar uafáis Bram Stoker. Gach braon den bheocht a chuir fear Chluain Tarbh sa bhunscéal, d'aistrigh an Cuirríneach go snasta é sa chlasaic seo a foilsíodh den chéad uair in 1933. Leagan nuachóirithe é seo atá bunaithe ar an eagrán a réitigh Maolmhaodhóg Ó Ruairc agus a d'fhoilsigh an Gúm in 1997. ISBN 9781857919165 €9.50

Le hordú ó shiopaí leabhar nó le ceannach ó www.litriocht.com

Lón léitheoireachta eile



Gluaiseacht
Alan Titley
ISBN 9781857917550
€7.50



An Leon, An Bandraoi agus An Prios Éadaigh
ISBN 9781857918885
€8.50



Traenacha in Éirinn
Brian Mac Aonghusa
ISBN 97818579178373
€9.50

Cén Sórt É?
Tomás Ó Fiacháin
ISBN 9781857917192
€9.50



Haiku
más é do thoil é!
Gabriel Rosenstock
ISBN 9781857918229
€7.50

AN GHAEILGE AGUS ÉIRÍ AMACH 1916

ISTIGH

04 **Oidhreacht na Cásca** – Brian Ó Conchubhair agus oidhreacht an Éirí Amach

08 **An Ghaeltacht Bheo** – Áine Ní Chiaráin ag tabhairt cuairte ar thobar beo na teanga

10 **An Ghaeltacht 100 bliain i ndiaidh an Éirí Amach** – Anna Ní Ghallachair ag tabhairt le fios go bhfuil a cuid fadhbanna féin ag an Ghaeltacht ach go bhfuil ábhair dóchais ann fosta

12 **Litríocht na Nua-Ghaeilge** – Alan Titley ag cur síos ar an ábhar ceiliúrtha, mórtais agus machnaimh atá le fáil i litríocht na Gaeilge

14 **Teanga dhomhanda** – Kevin Scannell ag tabhairt léargais ar na deiseanna teanga fud fad na cruinne i ré seo na teicneolaíochta

16 **Na Meáin Ghaeilge ó 1916 anuas** – Cathal Goan ag scrúdú bhuanna agus díomuanna na meán cumarsáide i nGaeilge

18 **An Ghaeilge sa Tuaisceart** – Micheál Ó Máirtín ag moladh na hoibre atá déanta agus ag scrúdú na ndúshlán faoi leith atá ann go fóill

20 **Rose Maud Young** – Diarmaid Ó Doibhlin ag scríobh ar bhean agus ar ghlúin eisceachtúil de chuid na hAthbheochana

22 **Tar éis na Réabhlóide** – Cormac Ó Comhraí ag amhrac siar ar na daoine a ghlac páirt sa troid agus an costas daonna a lean sin

24 **Poblacht na nOibrithe** – Des Geraghty ar lorg na poblachta nár bunaíodh fós, poblacht an lucht oibre

26 **Cumann na nDaoine** – Dara Ó Cinnéide ag déanamh a mhachnaimh ar a bhfuil déanta ag an CLG agus ar a mbeidh le déanamh

28 **Ag cur oideachais ar an náisiún** – Muiris Ó Laoire i mbun scrúdaithe ar luachanna oideachais agus léinn na gconraitheoirí luatha

30 **Guth áitiúil uilíoch** – Deirdre Davitt agus a dán féin ar thábhacht na n-ealaíon, an fhís a fíoradh.

Ag fíorú na físe a tháinig chugainn 100 bliain ó shin

Ferdie Mac an Fhailigh

'Ní mar a shíltear a bhítear' a deir an seanfhocal.

Sin é go díreach an smaoineamh a spreag an tsraith alt seo ina ndéantar comparáid idir an fhís a bhí ann 100 bliain ó shin agus mar atá sa lá inniu. Mar a deir an tOllamh Brian Ó Conchubhair "Dá n-aiséireodh an seisear déag a cuireadh chun báis in 1916 ó na mairbh, dá dtiocfaidís arís inár measc don chomóradh atá beartaithe, cad a déarfaidís?"

Bímid ag trácht ar "an fhís a bhí ann 100 bliain ó shin". Ach ar ndóigh, is í an tuiscint chomhaimseartha atá againne inniu ar an fhís sin atá i gceist. An rud is cóngaraí dó is féidir a bheith againn. Níor chóir dearmad a dhéanamh den difríocht sin agus muid ag tabhairt faoi na réimsí éagsúla á gcíoradh anseo – na meáin Ghaeilge, an Ghaeilge sa Tuaisceart, cúrsaí ceardchumainn, cúrsaí litríochta agus a lán lán eile. Tá sé tábhachtach fosta go gcuimhneoimis go mbaineann an Ghaeilge leis an uile dhuine agus ní le haon phobal ar leith mar a léirítear san alt faoi Rose Maud Young.

Tá súil againn go spreagfaidh an forlíonadh seo díospóireacht faoin Ghaeilge, faoin áit a bhfuil sí anois agus faoina todhchaí agus an dearcadh atá ag muintir na hÉireann uirthi inniu.

Ferdie Mac an Fhailigh
Príomhfheidhmeannach
Foras na Gaeilge



AN GHAEILGE AGUS ÉIRÍ AMACH 1916

Déan teagmháil
The Irish Times
24-28 Tara Street,
Dublin 2

Fógraíocht
01–893 0000

Forlíonadh speisialta urraithe ag

Foras na Gaeilge

www.gaeilge.ie

Oidhreacht na Cásca

Tá an comóradh faoi lán seoil. Déanann **Brian Ó Conchubhair** anailís ar stair an Éirí Amach agus an tionchar a imríonn na himeachtaí sin orainn go dtí an lá atá inniu ann

D'fhág Conradh na Gaeilge agus Athbheochan na Gaeilge marc doghlanta ar stair chultúrtha, liteartha agus pholaitiúil na hÉireann. Is cinnte go raibh an seachtar sínitheoirí a chuir a n-ainmneacha le Forógra na Poblachta agus formhór na gceannairí míleata a cuireadh chun báis de bharr na réabhlóide báúil, a bheag ná a mhór, leis an teanga. Go deimhin bhí cuid acu rannpháirteach i gcur chun cinn na teanga. Fiú leithéidí Clarke agus Connolly, thuigeadar ról na teanga i ndioscúrsa an neamhspleáchais agus in athmhúnlú na tíre. Níorbh ionann, áfach, a bheith i do bhall de Chonradh na Gaeilge, a bheith báúil le cúis na Gaeilge agus a bheith ar aon fhocal leis an eagraíocht maidir le gach ceist chonspóideach: b'ann do Réamannaigh Ghaeilge agus d'aontachtaithe Gaeilge chomh maith le Sinn Féinithe Gaeilge agus Fíníní Gaeilge.

Ba thábhachtaí le cuid acu leas na mbocht seachas leas na teanga, ba thábhachtaí le cuid acu Éire Chaitliceach neamhspleách ná Éire Ghaelach neamhspleách.

Tharla Éirí Amach 1916 faoi cheannas fear agus ban a shamhlaigh agus a shantaigh Éire a chur ag dul ar mhalairt treo. Agus An Cogadh Mór ag suaitheadh na hEorpa, bheartaíodar Éire nua, tír neamhspleách saor: saor sa chiall go mbeadh saoirse creidimh, saoirse shibhialta, saoirse airgeadaíochta, saoirse pholasaí ag muintir na hÉireann. Ba chuma cén creideamh, cén cine, cén cúlra, cén teanga.

Níor theastaigh uathu go gcuirfí saincultúr na hÉireann ar ceal ná go leathnódh an meathchultúr neamh-shainiúil ar fud na tíre ionas gurbh ionann cultúr Oileáin Árann agus cultúr Acton. Ní Éire úrnua a theastaigh uathu, ach Éire a d'fhásfadh go horgánach agus go nádúrtha as cúinsí na staire; Éire a mbeadh a cinniúint neamhspleách faoi réir ag muintir na hÉireann féin.

Níl tráchtairí ar aon intinn fiú faoi thionchar Chonradh na Gaeilge. Ar feadh i bhfad bhí leithéidí Aodh de Blácam ag maíomh gurbh é bunú an Chonartha tús na réabhlóide. Tuigtear do thráchtairí áirithe gur mó a chuaigh an Conradh i bhfeidhm ar shíceolaíocht na tíre ná ar aon ghné eile; maíonn staraithe eile, ar nós F.S.L. Lyons, nach le camáin ná le sliotair a gineadh meon réabhlóideach na hÉireann ach le smaointe úra agus go raibh an Conradh lárnach sa chíor thuathail intleachtúil a ghabh tríd an tír roimh an Éirí Amach.

Ar an láimh eile, luann scoláirí léann na polaitíochta an tábhacht a bhain le reáchtáil inmheánach an Chonartha le hoiliúint ghlúin nua a bheadh chun cinn i riaradh an tSaorstáit. Ba i gcraobhacha an Chonartha a d'fhoghlaim riarthóirí an tSaorstáit fios a ngnóthaí maidir le cúrsaí riaracháin.

Ní minic a phléitear cad a spreag daoine le spéis a chur sa ghluaiseacht úr a réab tríd an tír ag deireadh an 19ú agus ag tús an 20ú haois. Ní ghéilltear a thuilleadh don téis a bhí thuas tráth gurbh é teip Pharnell a chruthaigh folús polaitiúil agus gurbh iad na gluaiseachtaí cultúrtha a líon an bhearna sin. Is mó le tamall anuas go leagtar béim ar shoghluaiseacht shrianta aicmeach agus shóisialta. Tuigtear ón téis seo gur bhraith Éireannaigh óga faoi bhac agus iad ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh sa saol proifisiúnta.

Tar éis dóibh géilleadh do chóras an Stáit – maidir le hiompar, le teanga, le hoideachas - fós féin ní rabhthas ag caitheamh leo mar a caitheadh le Sasanaigh óga a raibh na cáilíochtaí ceannann céanna acu. Ba mhinic D.P. Moran, trí mheán a nuachtáin *The Leader*, ag tarraingt aird an phobail ar chonspóidí fostaíochta agus ar arduithe céime nuair nár tugadh an post nó an gradam d'Éireannach Caitliceach éigin. Gan ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh nó gluaiseacht chun cinn sa chóras stáit – ar leibhéal proifisiúnta ná ar leibhéal sóisialta, thángadar le chéile, dar leis an téis seo, le córas roghnach a bhunú. B'olc leo an Stát Sasanach a chlis orthu, dar leo, in ainneoin gur thréigeadar nósanna a muintire.

Thugadar dílseacht do chultúr an Stáit ach ba bheag den mhaith a thuilleadar dá bharr. Bhíothas fós in áit na leathphingine.

Mhéadaigh líon na gCaitliceach i meánscoileanna na hÉireann idir 1861 agus 1911 de réir mar a d'fhan líon na gcreideamh eile nach mór mar an gcéanna. Mhéadaigh líon na gcléireach i státseirbhís na hÉireann as éadan idir 1861 agus 1911, ó 990 go dtí 9,821. Le bunú Choimisiúin na Talún (1881), Choimisiún na gCeantar Cúng (1891), Roinn Talmhaíochta agus Ceard-Oideachais na hÉireann (1899) agus an Choimisiún um Árachas Náisiúnta (1911), cruthaíodh poist d'fhostaithe cáilithe idir dhlíodóirí, dhochtúirí, shuirbhéirí, innealtóirí agus chigirí. Ina ainneoin sin níor ardaigh líon na gCaitliceach sna ranna Stáit ná sna haicmí proifisiúnta. Ba mhinice ná a chéile nár tugadh an post don té áitiúil ach do té ón taobh amuigh; agus nuair a tugadh don duine áitiúil é, ba mhinic nár Chaitliceach é/í. Bhí síleáil ghloine ann nárbh fhéidir le hÉireannaigh Chaitliceacha gabháil tríthi. Ní timpiste é gur chléirigh ó na Ceithre Chúirteanna a bhí i láthair nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge.

> “Tharla Éirí Amach 1916 faoi cheannas fear agus ban a shamhlaigh agus a shantaigh Éire a chur ar dul ar mhalairt treo

Is cinnte nárbh ionann an scéal i ngach réimse agus i ngach cás ach fiú in earnáil na múinteoireachta agus na cigireachta, bhí íocaíocht na n-oidí in Éirinn níos ísle, níos neamhbhuaine agus ar stádas níos ísle ná a macasamhail i Sasana.

Deineadh díspeagadh orthu sa chóras Stáit tar éis dóibh géilleadh do chultúr allúrach agus nósanna Gallda a shealbhú agus a inmheánú. Ní hamháin sin ach bhraitheadar coimhthíos le cultúr a mbailte agus le cultúr a ngaolta. Bhaineadar an stádas sóisialta a shantaíodar amach tríd iad féin a chur chun cinn mar ghníom-

Baile Átha Cliath i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, 1916. grianghraf: getty images

AG TROID AR SON NA TÍRE AGUS NA TEANGA

1. Éamonn Ceannt: Ba chainteoir dúchais Gaeilge é a athair. Chláraigh sé san Ard-Chraobh in 1899. Faoi 1906 ba é cláraitheoir Choláiste Laighean é agus ba bhall den Choiste Gnó faoin mbliain 1909. D'éilíodh sé seirbhís as Gaeilge ó oifigí rialtais.

2. Tomás Ó Cléirigh: Ba bhall de Chraobh Mhic Éil é cé go raibh sé ar bheagán Gaeilge. Bhí sé lárnach sna himeachtaí a thug ar de hÍde éirí as an gConradh i 1915.

3. Séamas Ó Conghaile: Cháin sé iadsan a shéan fiúntas litríochtaí eile seachas an Ghaeilge. Ina ainneoin sin, d'aithin sé fiúntas na Gaeilge d'athbheochan na hÉireann cé nach gcuirfeadh fear ocrach spéis sa teanga.

4. Seán Mac Diarmada: Liatromach a chláraigh sa chraobh áitiúil sular aistrigh sé go Baile Átha Cliath áit ar bhain sé leis an gCumann Ceilteach Liteartha.

5. Tomás Mac Donnchadha: Bhunaigh sé craobh den Chonradh i Mainistir Fhear Maí, Corcaigh i 1903. Chaith sé tréimhsí éagsúla in Árainn ag cur barr feabhais ar an teanga Gaelige.

7. Micheál Ó hAnnracháin: Bhunaigh sé an chéad chraobh den Chonradh i gCeatharlach in 1899 agus ba léitheoir profaí sa Chló-Chumann é. Faoi 1905 ba é rúnaí na hArd-Chraoibhe é. D'eagraigh sé Mórshiúl an Chonartha i 1909.

6. Pádraig Mac Piarais: Cláraíodh é sa Chonradh in 1896. In 1898 deineadh comhalta den Choiste Feidhmiúcháin é. Bhunaigh sé Coláiste Éanna agus Coláiste Íde.

8. Liam Mac Piarais: Chláraigh sé sa Chonradh in 1898 agus mhúin Gaeilge sa Charraig Dhubh ag tús an chéid. D'éiligh sé ceart a ainm a úsáid as Gaeilge sa Choláiste Ealaíne i 1903.

9. Joseph Mary Plunkett: Bhí sé ina eagarthóir ar an Irish Review. D'fhostaigh sé Tomás Mac Donnchadha mar theagascóir Gaeilge agus d'fhreastail ar Choláiste Uladh i 1910.

10. Ruairí Mac Easmainn: Chláraigh sé sa Chonradh i 1904. Mhaoinigh sé imeachtaí Gaeilge ar nós scoileanna Gaeltachta ar Oileán Thamhain, i gCeantar na nOileán, ar an gCeathrú Rua agus ag Feis na nGleann in Aontroim.

11. Seán Heuston: Tuairiscítear go raibh scoth na Gaeilge aige. Mhúin sé druileáil i Scoil Éanna.

12. Conchúr Ó Colbaird: Ceaptar gur chláraigh sé sa Chonradh i 1905.

13. Edward Daly: Chláraigh sé le Craobh an Chéitinnigh i 1913.

14. Thomas Kent: Chláraigh sé sa Chonradh i 1913. Bhí an teaghlach ar fad dátheangach.

15. John MacBride: Ball den Chumann Ceilteach Liteartha, a raibh ranganna Gaeilge acu faoi stiúir William Rooney.

16. Michael Mallin: Níltear cinnte an raibh mórán bainte aige le cúrsaí teanga.

hairí pobail, dar leis an téis seo. D'fhéadfaí a áiteamh nach grá amháin don Ghaeilge nó spéis sa chultúr dúchasach a spreag na fir agus na mná óga a chláraigh sa Chonradh, i gCumann Lúthchleas Gael agus sna cumainn éagsúla breis agus 100 bliain ó shin ach go rabhadar míshásta lena gcuid agus lena raibh i ndán dóibh.

Sholáthair an Conradh *habitus* roghnach dóibh, *habitus* ina nglacfaí leo agus inar bhuntáiste seachas míbhuntáiste a dtréithe cultúrtha nádúrtha.

Is eol mar a thug Dubhghlas de hÍde a óráid cháiliúil faoi dhíghalldú na hÉireann in 1892 agus gur bunaíodh Conradh na Gaeilge in 1893. Ba de réir a chéile a leathnaigh agus a d'fhás Conradh na Gaeilge ó ghrúpa beag ball san ardchathair go gach cuid den tír, agus níos faide ó bhaile.

Bunaíodh craobhacha sa Ghaillimh (24 Eanáir 1894), Corcaigh (22 Aibreán 1894), Doire (1894), Ros Mhic Thriúin, Loch Garman (Bealtaine 1894), Na hAoraí, Corcaigh (Nollaig 1894) – an chéad chraobh den Chonradh faoin tuath – agus Londain Shasana (Deireadh Fómhair 1896), an chéad chraobh den Chonradh thar sáile.

Faoin mbliain 1896, bhí 43 craobh cláraithe le Conradh na Gaeilge, ocht gcinn díobh siúd thar lear. Cuireadh an fás mear sa bhallraíocht i gcathair Bhaile Átha Cliath i leith na léachta chonspóidigh *The Turning of the Tide* leis an Athair Peter C. Yorke, Gaillimheach ar shagart in San Francisco é, ar 6ú Meán Fómhair 1899.

> “D'éirigh cuid de na baill míshásta le meon agus le straitéis an Chonartha maidir le cur chun cinn na Gaeilge

Sa bhliain 1901, bhí 30 craobh san ardchathair agus sna bruachbhailte; faoin mbliain 1903 maíodh gurbh ann do 500 craobh ar fud na tíre. D'ainneoin nár thuilleadar ach £43 i dtáillí ballraíochta sa bhliain 1895, d'ardaigh an figiúr sin go £2,000 faoin mbliain 1900. Leis an teacht isteach substaintiúil airgid seo, bhíothas in ann foireann lán-aimseartha a fhostú. I measc na foirne seo, áirítear na timirí a thaistil ó cheann ceann na tíre ag eagrú ranganna, ag bunú craobhacha, ag síor-spreagadh shoiscéal an Chonartha. Faoi 1904, mhaígh an Conradh breis agus 50,000 ball i 600 craobh.

Tháinig tuilleadh feabhais ar scéal na ballraíochta an bhliain dár gcionn nuair a tuairiscíodh go raibh 100,000 ball cláraithe i 900 craobh ar fud an domhain.

Ba ann do chraobhacha in Albain (Glaschú), Sasana (Londain, Learpholl, Manchain, Portsmouth, Southampton, Rugby, Birmingham, Leicester, Wigan, Oldham, Salford, Coventry, Bolton), an Bhreatain Bheag (Cardiff); an Airgintín (Piedad; Buenos Aires), Stáit Aontaithe Mheiriceá (Chicagó; Nua Eabhrac; Holyoke, Massachusetts; Rhode Island), an Nua-Shéalainn (Miltown; Balcluttra), an Afraic Theas (Capetown; Kimberley). D'eagraíití ranganna le linn an gheimhridh ina múintí léamh agus scríobh don phobal; an méid a d'fhoghlaimíti sna ranganna idir léamh, scríobh, dhamhsa, amhránaíocht, aithriseoireacht agus stair, chuirtí ar taispeántas é ag ócáidí éagsúla le linn an Fhómhair agus an Earraigh ag aonaigh, seilgí, aeraíochtaí agus feiseanna.

Tuigeadh don Chonradh, agus do Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge rompu, a lárnaí agus a bhí an córas oideachais i gcothú agus i slánú na teanga. Le tacaíocht an Chonartha, bunaíodh Coláistí Oiliúna chun líofacht teanga a mhúineadh dóibh agus an cleachtas múinteoireachta ab éifeachtaí a léiriú dóibh. I mBaile Bhúirne i nGaeltacht Chorcaí i 1904 a bunaíodh an chéad choláiste. Níorbh fhada gur bunaíodh coláistí eile ar fud na tíre: Coláiste Chonnacht (Tuar Mhic Éadaigh, Maigh Eo), Ollscoil na Mumhan (Port Láirge), Coláiste Chomhghaill (Coláiste Geimhridh i mBéal Feirste); bunaíodh Coláiste Cholmcille (Dún na nGall), Coláiste Laighean (coláiste Geimhridh Bhaile Átha Cliath), Coláiste Thamhain (Gaillimh) agus Coláiste Chonnacht (Gaillimh) i 1906. Ba mhinic díospóireachtaí tréana ar bun laistigh den Chonradh faoin modh múinte ab éifeachtaí agus buíonta éagsúla tugtha don mhodh díreach agus grúpaí eile tiomnaithe do mhodh Gouin, do mhodh an aistriúcháin, don litriú simplí, don litriú foghrach, i measc modhanna eile. Dá mba iad na blianta 1900-1907 ré órga an Chonartha, ba bhlianta conspóideacha iad leis. Sna blianta 1907 agus 1908 d'agair an Conradh go tréan go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar riachtanach sa scrúdú máithreánach don ollscoil nua a bhunófaí ar ball. Thugadar an lá leo nuair a d'iaigh siad le baill tofa na gComhairlí Contae, a bunaíodh de bharr an Achta Rialtais Áitiúil (1898) ar fud na tíre. D'éirigh leo an Ghaeilge a dhéanamh riachtanach don ollscolaíocht cé nár éirigh leo an Ghaeilge a chur ina hábhar riachtanach do gach mac léinn ollscoile. Bhaineadar an méid sin, méid nach beag, amach, in ainneoin gur labhair na hEaspaig Chaitliceacha agus polaiteoirí náisiúnta ina choinne, daoine ar nós John Dillon, Isaac Butt, Liam Dillon agus William Delany, S.J., ceannairí náisiúnta nár theastaigh uathu go n-aithneofaí an Ghaeilge mar ábhar riachtanach. Is de bharr na conspóide seo a briseadh an tAthair Micheál Ó hIcí, arbh Ollamh le Gaeilge i Má Nuad é, as a phost ollscoile.

Ar ndóigh, ní lia duine ná tuairim, agus is iomaí cúis argóna agus aighnis faoin nGaeilge agus faoi pholasaithe Chonradh na Gaeilge. Faoin mbliain 1913, bhí tréimhse 20 bliain curtha de aige ag de hÍde mar uachtarán an Chonartha agus é dubh dóite de na líomhaintí agus den chogar



mogar nach raibh sé sách ceanndána, sách trodach, sách gníomhach don ghlúin nua Gaeilgeoirí a bhí ag teacht aníos trí na craobhacha, go leor acu nach raibh ach ag lámhacán timpeall an tí agus é ina bhall de Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge.

Dúradh go bhfuair sé post bog san Ollscoil toisc gurbh é Uachtarán an Chonartha é, scaipeadh ráflaí go raibh sé rómhór le lucht cáinte na Gaeilge agus go raibh leisce air aghaidh a thabhairt ar choimisinéirí Oideachais. Bhí baill Chraobh an Chéitinnigh, Muimhnigh a bhformhór, ar an ngrúpa ba dhéine ag gearán agus ag clamhsán agus díocas orthu troid a fhearadh ar son na teanga. Thug de hÍde fogha faoi lucht a cháinte roimh Ard-Fheis 1913 agus fuair sé an lámh in airde orthu ar feadh seala. Chinntigh Stailc Ollmhór na bliana 1913, áfach, go méadófaí ar pé deighilt agus aighneas a mhair laistigh den Chonradh.

Má thacaigh Pádraig Mac Piarais leis na hoibrithe agus lena gceannaire, Jim Larkin ar fhreastail a pháistí ar Scoil Éanna, d'fhan de hÍde ina thost. D'éirigh cuid de na baill míshásta le meon agus le straitéis an Chonartha maidir le cur chun cinn na Gaeilge: bhíothas den tuairim go raibh de hÍde róshéimh le cleas Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus gur leasc leis troid leo.

Bunaíodh an Fáinne, gluaiseacht a raibh an t-údar cáiliúil Pádraic Ó Conaire páirteach inti mar aon leis an drámadóir Piaras Béaslaí, a saolaíodh i Learpholl, agus iad tiomanta gan ach Gaeilge a labhairt le hoifigí an Stáit. De thoradh an fheachtais seo ghabh Constáblacht Ríoga na hÉireann Pádraic Ó Conaire i gCúige Uladh i 1916 agus Claud Chavasse i gCúige Mumhan i 1916 de bharr gur dhiúltaíodar déileáil leis na póilíní ach trí Ghaeilge ar an mbonn gurbh í teanga na tíre í.

Deineadh a thuilleadh dochair d'aontacht Chonradh na Gaeilge nuair a ghríos Ua Rathghaille, eagarthóir *An Claidheamh Solais*, nuachtán Chonradh na Gaeilge, Eoin Mac Néill, leas-uachtarán agus comhbhunaitheoir Chonradh na Gaeilge, alt Béarla dar teideal *The North Began* a fhoilsiú, ar 1ú Samhain 1913. Bunaíodh Óglaigh na hÉireann de bharr an ailt úd agus meastar gur chláraigh formhór bhaill



Dear Daly –
I am going to
get a dog like Shannon
her is to take care of our
shop when I am out –
He is a great dog & can
tumble Keeks to head when
I tell him – I am going
to learn him to sell
tobacco and cigars and
also to sell newspapers
in the street – Granny
Clark has a big black
dog with a bushy
tail – his name is
MS 49,352/6/65



Dubhghlas de hÍde (ar clé) - circa 1940. grianghraf: getty images.
Thuas ar fad: Pádraig Mac Piarais; thuas Mícheál Ó Coileáin.
grianghraif: getty images.
Ar clé: litir ó Tom Clarke chuig a mhac, Daly.
grianghraf: le caoinchead nli.

Chonradh na Gaeilge sna hÓglaigh. Ba Chonraitheoirí aitheanta na príomhóglaigh (agus baill de Chraobh an Chéitinnigh go leor acu): Mac Piarais, Éamon de Valera, Risteárd Ó Maolchatha, Cathal Brugha, S.T. Ó Ceallaigh, Seán Ó Murthaile, Mícheál Ó Coileáin, Tomás Ághas agus Seán Mac Diarmada. Ba ón gConradh a mheall na hÓglaigh formhór a gcuid ball. Chinntigh an nasc seo – idir Mac Néill agus an bhallraíocht – go samhlófaí an Ghaeilge leis an tréan-náisiúnachas agus leis an bhforéigean amach anseo. Ar éigean gur thuig de hÍde conas a thitfeadh cúrsaí amach ar ball nuair a mhol sé na hÓglaigh sa bhliain 1914 ag fógairt "the way of the Volunteers has been made easier by the doctrines preached by the Gaelic League". Toghadh de hÍde ina uachtarán arís ag ardfheis na bliana 1914 i gCill Áirne ach seachtain ina dhiaidh sin, fógraíodh an Cogadh Mór agus d'athraigh cúinsí as éadan. Liostáil cainteoirí dúchais as gach Gaeltacht mar a mhol leithéidí John Redmond MP agus Tom O'Donnell MP dóibh a dhéanamh lena chinntiú go mbronnfaí "hóm rúl" ar Éirinn. Fear eile a mhol go rachadh fir na hÉireann chun cogaidh ab ea an Tiarna Ashbourne, a bheadh ina uachtarán ar an gConradh ina dhiaidh agus a thabharfadh an chéad óráid Ghaeilge i dTeach na dTiarnaí i 1918. Mar imeacht polaitiúil, sheachain an Conradh aon ráiteas a dhéanamh faoin gCogadh nó tacaíocht dá laghad a thabhairt do cheachtar den dá thaobh a bhí i mbun troda. I 1915, roimh an ardfheis, d'eagraigh Tom Clark, a bhí tar éis teacht abhaile ó Mheiriceá agus ar bhall de Chraobh Mhic Éil é – craobh na gConnachtach – cruinniú i Halla na bhForaoiseoirí i gCearnóg Pharnell. Ba iad na moltaí a mhol Piaras Béaslaí agus Martin Conallan ag an ard fheis a chuir an lasair sa bharrach ag ard fheis na bliana 1915 i nDún Dealgan agus a thug ar de hÍde éirí as an uachtaránacht. Ina theannta sin d'éirigh leis na Fíníní Sean T. Ó Ceallaigh, ball dá gcuid, a cheapadh ina ardrúnaí mar chomharba ar Phádraig Ó Dálaigh.

B'eagraíocht leath-neamhpholaitiúil agus leath-neamhsheicteach an Conradh anois dar le tráchtairí áirithe.

Mar is eol agus mar atá á chomóradh i gcéin agus i gcóngar, chuaigh na hÓglaigh agus an tArm Cathartha chun ceannairce i gcoinne údarás na Breataine Móire ar Éirinn ar Luan na Cásca, 24ú Aibreán 1916.

Dá n-aiséireodh an seisear déag ó na mairbh, an ndéarfaidís gurbh fhiú an braon fola nó gur íobairt in aisce a bhí ann?

Cad déarfadh an Piarsach a thóg cás cúirte i 1905 ar son Niall Mhic Giolla Bhríde agus Dhomhnaill Uí Bhuachalla as ainm a bheith as Gaeilge ar chairt? Cad déarfadh an dream a thug dúshlán na hEaglaise Caitlicí ar cheist na Gaeilge mar ábhar riachtanach sa scrúdú ollscoile nuair atáthar ag moladh fáil réidh léi ó chlár na hArdteistiméireachta? Cad déarfadh Éamonn Ceannt, a d'éiligh searmanas pósta Gaeilge agus a chinntigh go gclárófaí breith a mhic as Gaeilge maidir leis an nganntanas seirbhísí Gaeilge atá ar fáil? Cad déarfadh an ghlúin a chuir iallach ar Oifig Phoist na Breataine géilleadh do shloinnte agus do sheoltaí as Gaeilge nuair a thuigfidís an clamhsán faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus diúltiú chóras Eircode logainmneach agus seoltaí Gaeilge a aithint i 2015? Cad déarfadh Mac Easmainn dá dtuigfeadh sé nach raibh seirbhísí teiripe urlabhra sásúla ar fáil do leanaí na Gaeltachta? Cad déarfadh Liam Mac Piarais le hAmharclann Náisiúnta na hÉireann nár léirigh dráma fada Gaeilge ar an bpríomhstáitse le fada an lá? Cad déarfadh sé leis na comhlachtaí gramadúla drámaíochta eile ar fud na tíre nach n-aithníonn an Ghaeilge mar chuid d'oidhreacht dhrámata na tíre? Cad déarfadh údar *The Murder Machine* maidir le caighdeán na Gaeilge atá ag daltaí na tíre? Cad déarfadh Séamus Ó Conghaile le Stát a cheadaíonn d'fhormhór mór scoileanna na tíre cead isteach a dhiúltú do leanaí nár baistíodh ina gCaitlicigh nó ina bProtastúnaigh iad? Cad déarfadh an ghlúin a bhunaigh na Coláistí Samhraidh le caighdeán agus le meon na gcampaí samhraidh atá ann faoi láthair? Cén freagra a thabharfadh Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael ar an nglúin seo dá bhfiafrófaí díobh an mó craobh agus an mó míle ball atá acu? Cad déarfadh an ghlúin seo, cuid acu a chaith tréimhsí ag foghlaim na teanga sna Gaeltachtaí, le creimeadh na teanga le céad bliain anuas? An leor a bhfuil bainte amach chun go ndéarfaidís gurbh fhiú an braon fola nó an rachaidís i léig go díomách chun na reilige mar ligeadh tharainn an deis a chothaigh a n-íobairtí?

Tá teanga na Gaeilge á labhairt ar oileáin na hÉireann, idir mhór is bheag, ó aimsir na díle. Cuireadh ar aghaidh í go dílis i slabhra leanúnach saibhris teanga agus scéalta. D'éirigh Óglaigh na hÉireann agus an tArm Cathartha amach, gan tacaíocht an bhosca ballóide chun an leanúnachas sin a chosaint. An gcinnteoidh an ghlúin seo agus an chéad ghlúin eile nach mbristear lúb an tslabhra leanúnaigh sin? An gcinnteoidh saoránaigh an Stáit, idir sheirbhísigh an Stáit agus shaoránaigh an Stáit, nach iadsan a bheidh rannpháirteach i meath leanúnach na teanga? Más fiú 1916 a chomóradh, is fiú forógra na Poblachta a léamh agus gníomhú dá réir, is cuma cén teanga inar foilsíodh é: "Dearbhaímid gur ceart ceannasach dochloíte é ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan srian. … Ráthaíonn an Phoblacht saoirse chreidimh agus saoirse shibhialta, cearta cothroma agus deiseanna cothroma don uile shaoránach, agus fógraíonn sí gur rún di sonas agus séan an náisiúin go hiomlán agus an uile pháirt di a bhaint amach agus í chomh ceanúil céanna ar chlann uile an náisiúin agus gan beann aici ar na difríochtaí a chothaigh rialtas eachtrannach go cúramach agus a dheighil mionlach ón móramh san am atá thart." Is saoránaigh iad lucht na Gaeilge, idir Ghaeltacht agus Ghalltacht, agus tá siad i dteideal a gcearta teanga sa Stát seo.

Is léachtóir ar Ollscoil Notre Dame é Brian Ó Conchubhair

An Ghaeltacht Bheo

Tá luach as cuimse leis an Ghaeltacht. Amharcann **Áine Ní Chiaráin** siar ar na forbairtí a bhain léi

Tá bás na Gaeltachta agus gá le gníomh inaleith á thuar le fada an lá. I ndaonáireamh i ndiaidh daonáirimh ó 1881 ar aghaidh bhí líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht ag síorthitim agus faoi 1911, an ceann deireanach roimh Éirí Amach 1916 ní raibh fágtha ach 313,508 sna ceantracha ar tugadh fíor- agus breac-Ghaeltacht orthu níos deireanaí.

Sa Stát nua-bhunaithe beartaíodh go gcaithfí rud éigin a dhéanamh chun an meath a stopadh. Bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta i 1926 ach faoin am sin bhí na figiúirí níos tubaistí fós le líon na gcainteoirí dúchais tite faoi bhun ceathrú milliúin.

De bharr droch-chaighdeán tithíochta agus easpa oibre beartaíodh díriú ar thithíocht agus ar dhéantúis baile. Tugadh faoi na ceisteanna seo le hAcht na dTithe Gaeltachta i 1929 inar leagadh síos teorainneacha don Ghaeltacht agus don bhreac-Ghaeltacht, a bhí i bhfad níos fairsinge ná mar a bheartaigh an Coimisiún an bhliain roimhe sin. Dar leis an Acht bhí Gaeltacht i naoi gcontae agus breac-Ghaeltachtaí sna contaethe sin agus i sé nó seacht gcontae eile. Ní raibh Roinn ar leith don Ghaeltacht ann, is Rannóg Seibhísí na Gaeltachta sa Roinn Tailte a bhí i mbun na hoibre.

In imeacht ama tosaíodh scéimeanna eile. Faoi 1933 ba léir go raibh an cúlú teanga fós ag tarlú agus nach raibh ag éirí aon phuinn níos fearr leis an Stát nuabhunaithe an meath a cheansú. D'admhaigh an tAire Oideachais Tomás Ó Deirg agus é ag seoladh Scéim Labhairt na Gaeilge, nó Scéim an £2, go gcaithfí an Scéim a chur ar bun nó go mbeadh deireadh leis an nGaeltacht taobh istigh de dhá ghlúin.

Scrúdaíodh páistí ó aois a sé bliana (b'shin an ghnáthaois tosach scoile san am) mar glacadh leis má bhí Gaeilge acu ag teacht chun na scoile gur Gaeilge a labhairtí sa bhaile.

Méadaíodh méid an deontais faoi dhó, hathraíodh béim na scéime sna 1990í agus ansin cuireadh deireadh ar fad leis roinnt blianta ó shin. Agus níor cuireadh aon cheo ina háit. Táthar siúd a deir nach raibh ann ach breab. Tá sé deacair a mheas ar éirigh leis sna blianta deireanacha ach is cinnte go raibh éifeacht aige i dtús ama. Bhí sé ceangailte le scéimeanna eile, é mar chritéir mar shampla chun deontas tithíochta a fháil go gcaithfeadh na páistí a bheith ag tuilleadh Scéim Labhairt na Gaeilge.

Tháinig a lán scéimeanna eile ar an bhfód – bóithre, coláistí samhraidh, scéim do bhád iascaigh , scéimeanna uisce agus foirgintí feirme. Bhí a macasamhail le fáil lasmuigh den Ghaeltacht ó Ranna eile.

Eibhlín Ní Chonghaile – craoltóir cumasach de chuid na glúine nua ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4

Lean an meath agus sna 1950í chinn Coimisiún Gaeltachta eile go raibh gá le athrú sna teorainneacha. Bunaíodh Roinn na Gaeltachta agus ritheadh Ordú na Limistéar Gaeltachta a leag síos teorainneacha nua gan aon trácht ar bhreac-Ghaeltachtaí. Sé Chontae a bhí i gceist, Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh agus Port Láirge. Is é atá fós i bhfeidhm le cúpla aguisín curtha leis, Ráth Chairn agus Baile Ghib sna 1960í agus mionathruithe i nGaeltachtaí na Mumhan. Beartaíodh eagraíocht ar leith a chur i bhfeighil na ndéantús agus bunaíodh Gaeltarra Éireann. Ní go dtí 1965 a tugadh cead dóibh deontais a thabhairt d'úinéirí príobháideacha le dul i mbun déantúsaíochta. Ba nós go dtí sin an phleanáil agus beartú a dhéanamh i mBaile Átha Cliath, ní raibh aon trácht ar fhorbairt ón mbun aníos nó comhairliúchán poiblí.

Sna 1960í tháinig ré na n-agóidíochtaí go hÉirinn, feilméirí ag glacadh seilbh ar an Roinn Talmhaíochta, máirseálacha cearta sibhialta sa Tuaisceart agus sa Ghaeltacht bhí an borradh céanna le feiceáil.

Bhí gluaiseacht na gComharchumann ag leathnú mórthimpeall na tíre agus thug muintir na Gaeltachta faoi go fonnmhar mar bhealach le bheith i gceannas ar fhorbairt ina ndúichí féin. Bhí daoine óga le hoideachas ag fanacht sa mbaile agus ag eagrú gluaiseacht cearta, iadsan sásta máirseáil go Baile Átha Cliath agus seilbh a ghlacadh ar Roinn na Gaeltachta chun brú a chur ar rialtas an lae. Bhí siad glórach faoi raidió dá gcuid féin, ag lorg eagraíocht forbartha agus rialtas áitiúil a mbeadh siad féin ina bhfeighil le baill tofa orthu.

Baineadh siar as na húdaráis agus ghéilleadar i dtús faoin raidió agus bunaíodh Raidió na Gaeltachta i 1972. Faoi dheireadh na 1970í ghéilleadar freisin don éileamh ar eagraíocht forbartha agus eagraíodh toghcháin sa Ghaeltacht chun baill a thoghadh d'Údarás na Gaeltachta.

Bhí an tÚdarás freagrach as forbairt thionsclaíoch agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht ach ní raibh cumhachtaí rialtais áitiúil aige. B'shin céim nach nglacfadh an Rialtas leis. Le blianta beaga chinn an Comhrialtas d'Fhine Gael agus an Lucht Oibre nach dtoghfaí baill a thuilleadh, gur ainmniúcháin pholaitiúla a dhéanfaí do Bhord an Údaráis agus ciorraíodh buiséad an Údaráis go mór.

Mic léinn ag siúl i nGaeltacht na Rinne agus teach faoin ghréin i nGaeltacht Dhún na nGall.
grianghraif: alan betson agus dara mac dónaill/the irish times

Rinne roinnt sa Ghaeltacht gearán faoi seo ach níor tharla aon agóid mhór faoi.

Tháinig TG4 ar an saol ag deireadh na 1990í de bharr feachtasaíochta ó Ghaeilgeoirí. Ina dhiaidh sin tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla agus bunú Oifig an Choimisinéara Teanga. Tá obair ar siúl arís ar an Acht sin chun é a leasú/neartú dar leis an Rialtas. Foilsíodh an Straitéis 20 Bliain. Bhíothas ag súil go gcinnteodh na nithe dearfacha seo todhchaí na teanga sa Ghaeltacht ach léiríonn na figiúirí sa daonáireamh i 2011 a mhalairt ar fad.

Dúirt 66,238 de phobal na Gaeltachta go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt agus nach raibh ach 23,175 a rinne sin go laethúil.

Ní cúis iontais na figiúirí seo óir bhíodar sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Dúirt an staidéar go neamhbhalbh nach raibh fágtha sa Ghaeltacht ach 20 bliain gan straitéis dhírithe chuimsitheach. Táimid fós ag fanacht le gníomh agus ocht mbliana den 20 caite.

Sa nuashonrú ar an staidéar a foilsíodh anuraidh dúradh nach raibh fágtha anois ach deich mbliana don teanga sa Ghaeltacht. Tá pleanáil teanga ar siúl sna pobail faoi chúram an Údaráis ach shílfeá go raibh an Rialtas ag seasamh siar uaidh, nach síleann siad go bhfuil aon ról acu.

An comóradh ab fhearr a d'fhéadfadh aon Rialtas a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca ná gníomhú go pras faoi cheist na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Is saoriseoir/craoltóir í Áine Ní Chiaráin.

An Ghaeltacht 100 bliain i ndiaidh an Éirí Amach

Is cinnte go bhfuil fadhbanna ag an Ghaeltacht ach creideann **Anna Ní Ghallachair** gur chóir dúinn an ceantar sainiúil seo a cheiliúradh agus a chaomhnú do na glúnta atá le teacht

Is mar thobar an chultúir agus na teanga ba mhó a thagair ceannairí 1916 don Ghaeltacht. Cé nach raibh an téarma 'Gaeltacht' in úsáid ag an am, rinne Pádraig Mac Piarais tagairt do na sé sheachtú ina raibh Béarla á labhairt agus an seachtú seachtú ina raibh an Ghaeilge ina teanga phobail. Leag sé béim láidir ar thábhacht an oideachais leis an tír a Ghaelú agus ar thábhacht an dátheangachais. Dhírigh Séamus Ó Conghaile níos mó ar chúrsaí oibre agus fostaíochta ach mhaígh sé fosta gur cuireadh bac ar fhás agus ar fhorbairt na tíre ar leibhéal sóisialta, náisiúnta agus intleachtúil nuair a chaill sí a córas sóisialta traidisiúnta agus nuair a chaill a ceannairí an teanga a chothaigh agus d'iompair a gcuid smaointe.

Cá seasann tobar na teanga inniu, mar sin? Sa daonáireamh deireanach (2011) dúirt 66,238 duine os cionn 3 bliana d'aois sa Ghaeltacht go raibh siad ábalta an Ghaeilge a labhairt. Bhí mionlach suntasach (31.5 faoin gcéad) ann chomh maith a dúirt nach raibh siad in ann an teanga a labhairt nó nár thug freagra ar an cheist. Faoi mhír 6(j) den Acht Oideachais, 1998, sainítear mar chuspóir "cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta". San am céanna, caithfidh na daltaí cumas láidir a bheith acu sa Bhéarla chomh maith má tá rath ar bith le bheith orthu i saol an lae inniu in Éirinn nó níos faide ó bhaile. I bhfocail eile, is é dátheangachas an Phiarsaigh polasaí reatha an Stáit i dtaca le cúrsa oideachais.

Tá sé soiléir, mar sin, go bhfuil ról lárnach ag an scolaíocht i gcothú agus i mbuanú na Gaeilge sa Ghaeltacht. Bíonn tionchar dearfach ag bunscoil nó meánscoil atá láidir ó thaobh na Gaeilge de ar an teanga sa cheantar máguaird. Is léir, áfach, nach bhfuil na scoileanna Gaeltachta go léir ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Aithním go bhfuil dúshláin mhóra roimh scoil ar bith atá ag iarraidh oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil: stádas idirnáisiúnta an Bhéarla, deacrachtaí múinteoirí a bhfuil Gaeilge mhaith acu a earcú, easpa tacaíochta ó thuismitheoirí, páistí ó chúlraí difriúla teanga ag tarraingt ar an scoil, agus go leor eile. Is beag is féidir a dhéanamh maidir le stádas an Bhéarla. Tá an Béarla ag bagairt ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar an chuid is mó de theangacha na hEorpa agus, leis an fhírinne a dhéanamh, is buntáiste atá ansin dúinn mar thír atá ag feidhmiú ar bhonn geilleagrach ar an stáitse idirnáisiúnta.

Tá ceist na múinteoirí níos deacra. Sa bhliain 2010, rinneadh athruithe ar shiollabas na hArdteistiméireachta a thug céim síos don litríocht agus do shaíocht na Gaeilge. Rinneadh na hathruithe seo beag beann ar thaighde sa réimse. Fágann siad sin go ndéanann an dalta Ardteiste (Ardleibhéal) staidéar ar dhráma amháin nó ar shleachta as cúpla úrscéal, agus idir cúig agus deich ndán. Tugadh na hathruithe seo isteach ar mhaithe le feabhas a chur ar chúrsaí cumarsáide, ar an teanga labhartha. Ach ní hamhlaidh a tharla. Ní léir do léachtóirí ollscoile gur tháinig feabhas ar chumas labhartha na mac léinn a thagann isteach sa chéad bhliain. Maidir le daltaí na Gaeltachta, níl dúshlán ar bith sa chúrsa do na cainteoirí maithe a thuilleadh agus is díchultúrú atá mar thoradh air. An bhféadfaí cúrsa Ardteisteiméireachta Béarla a shamhlú gan saothar le Shakespeare nó le mórscríbhneoirí na teanga sin?

Faoi láthair, sna coláistí oiliúna, tá na huaireanta teagmhála Gaeilge thar cheithre bliana d'ábhair oidí chomh híseal le 36 uair an chloig, is é sin naoi n-uair sa bhliain ar an mheán. I bhfianaise a éadroime atá cúrsa na hArdteiste, ní féidir bheith ag súil le hardchaighdeán Gaeilge ó bhunmhúinteoirí as seo amach. Mura gcuirtear athruithe móra i bhfeidhm go luath, beidh sé beagnach dodhéanta ag scoileanna Gaeltachta agus Galltachta múinteoirí a earcú a bhfuil cumas inghlactha sa Ghaeilge acu.

Tá údar dóchais ann mar sin féin. Níos luaithe i mbliana, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta. Tá na moltaí sin bunaithe ar thaighde idirnáisiúnta sa réimse agus ar phróiseas fada comhairliúcháin le pobal na Gaeltachta agus le páirtithe leasmhara eile sa réimse. Is sampla maith iad sin den dea-chleachtas. Aithnítear sa cháipéis na dúshláin atá roimh na scoileanna Gaeltachta agus déantar iarracht dul i ngleic leis na próifílí éagsúla teangeolaíochta agus polasaí na Roinne a shoiléiriú maidir le teagasc trí Ghaeilge sna scoileanna sin. Aithníonn sí fosta, den chéad uair, gur chóir soláthar a dhéanamh do riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus go bhfuil gá le soláthar idirdhealaithe taobh istigh den chóras oideachais i limistéir Ghaeltachta d'fhonn forbairt teanga a shaibhriú agus tacú le sóisialú Gaeilge na gcainteoirí dúchais. Is céim ollmhór chun tosaigh an méid sin.

> "In ainneoin na ndeacrachtaí agus na dtairngreachtaí go léir ag tuar a báis, is í an Ghaeilge an teanga is ársa san Eoraip a labhraítear go fóill mar theanga phobail

Thuig an Piarsach gur ghá an Ghaeilge a chothú taobh amuigh den Ghaeltacht chomh maith agus gur ar scáth a chéile a mhaireann an dá cheantar ó thaobh na teangeolaíochta de. Cé go bhfuil géarghá le cur chuige oideachasúil ar leith i gcás na gcainteoirí ó dhúchas, níor chóir mar sin féin go dtabharfaí céim síos don Ghaeilge sna scoileanna Béarla. Tá tábhacht ar leith leis an Ghaeltacht mar thobar na teanga, ach mura mbíonn cainteoirí ó na ceantair eile ag tarraingt uirthi agus ag ól aisti tráfaidh sí. Is sampla maith den spleáchas teangeolaíochta seo na coláistí Gaeilge Gaeltachta. Tugann siad léargas do pháistí na tíre ar shaol eile a chaitear trí Ghaeilge, spreagann siad chun foghlama iad ar fhilleadh chun an bhaile dóibh agus spreagann siad na teaghlaigh sna ceantair ina bhfuil siad lonnaithe leis an Ghaeilge a sheachadadh go dtí an chéad ghlúin eile.

Ina theannta sin, tá feidhm thábhachtach eacnamaíoch leo mar go meastar gur fiú os cionn €50 milliún iad don Ghaeltacht gach bliain, airgead a dháiltear go cothrom ar an phobal áitiúil.

Mac le himircigh Éireannacha in Albain a bhí i Séamas Ó Conghaile agus thuig sé féin go maith nach mbeadh rath ar an teanga in éagmais caighdeán ceart maireachtála. Is dócha nach bhfuil

Teorainn na Gaeltachta.
Grianghraf: Joe O'Shaughnessy

ceantair ar bith in Éirinn a bhfuil an oiread sin taithí acu ar an imirce is atá ag na ceantair Ghaeltachta. San am a chuaigh thart, is ar deoraíocht in áiteanna cosúil le Glaschú agus Bostún a chríochnaigh cuid mhór de mhuintir na Gaeltachta, cheal deiseanna fostaíochta sa bhaile. Cé gur buille trom a bhí sa chúlú eacnamaíochta le blianta beaga anuas, agus cé go gcaithfidh muid bheith ag obair go dícheallach i dtólamh leis an scéal a bhisiú, tá fostaíocht mhaith curtha ar fáil do mhuintir na Gaeltachta sa bhaile. Faoi láthair tá 7,053 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta. Sa bhliain 2014 b'fhiú €417m an caiteachas díreach a d'eascair as na comhlachtaí seo do gheilleagar na hÉireann agus €73m an méid a íocadh ar ais leis an státchiste i bhfoirm cánach an bhliain chéanna. Tá gach réimse clúdaithe i bhfostaíocht na Gaeltachta: comhlachtaí teangabhunaithe, comhlachtaí ceardaíochta agus déantúsaíochta, comhlachtaí bunaithe ar an teicneolaíocht is nua-aimseartha. Níl amhras ar bith ach go bhféadfaí cur go mór le gach cineál fostaíochta sa Ghaeltacht dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar chúrsaí infreastruchtúir, go háirithe cúrsaí leathanbhanda ar ardluas.

Is dócha nach bhfuil léiriú níos fearr ar phósadh físe an Phiarsaigh agus an Chonghailigh ná gluaiseacht na gcomharchumann Gaeltachta, áit a dtagann an sracadh agus traidisiún na meithle le chéile. Is gluaiseacht í seo ar tháinig borradh fúithi le 30 bliain anuas agus a bhfuil ról lárnach aici san fhorbairt pobail, i bhforbairt shóisialta agus i bhforbairt infreastruchtúr na Gaeltachta. Tuigeann gach comharchumann a phobal féin, a riachtanais agus na féidearthachtaí a bhaineann leis níos fearr na eagraíocht sheachtrach ar bith agus tá tábhacht ar leith ag baint leis an chineál sin cur chuige agus an tír ag teacht ar ais chuici féin arís.

Tá borradh mór tagtha faoi na healaíona traidisiúnta agus aitheantas dá réir faighte acu ó bhí Bríd na nAmhrán ar an ardán ag an Phiarsach. Ag Oireachtas na Samhna i mbliana, d'fhreastail os cionn 1,500 duine ar an damhsa ar an tsean-nós, go leor acu as ceantair taobh amuigh den Ghaeltacht.

Bhí 180 duine istigh ar na comórtais damhsa, 137 acu sin istigh ar chomórtais na n-óg, agus ghlac 180 duine páirt sna comórtais amhránaíochta ar an tsean-nós, líon mór daoine óga ina measc. Tá ceoltóirí Gaeltachta ann a bhfuil clú agus cáil bainte amach acu ní hamháin ar fud na tíre ach go hidirnáisiúnta. Tá infreastruchtúr breá ealaíon curtha isteach ar fud na Gaeltachta: amharclanna agus hallaí pobail a chinnteoidh go mbeidh ionaid teacht le chéile ag grúpaí ceoil agus drámaíochta, mar a bhí ag muintir Ghaoth Dobhair sna 1970í agus as ar fáisceadh leithéidí Clannad, Altan agus Enya.

Anuraidh, chuir Ealaín na Gaeltachta tacaíocht ar fáil do 18 bhféile ealaíon agus do 36 ealaíontóir ar fud na Gaeltachta. Tá stáisiún raidió againn ina bhfuil beirt de na hiriseoirí is fearr sa tír ag obair go hiomlán trí mheán na Gaeilge – agus is mná iad.

Dála an scéil, sa tsuirbhé a rinneadh ar na mallaibh ar na mná ar raidió Béarla na hÉireann (28 faoin gcéad ar an mheán), níor luadh gur mná iad os cionn 50 faoin gcéad de láithreoirí Raidió na Gaeltachta.

Tá stáisiún teilifíse againn a bhfuil saol iomlán na tíre curtha i láthair an phobail aige ar bhealach úrnua atá inchurtha leis na stáisiúin is fearr in aon tír san Eoraip.

Tá dúshláin mhóra roimh an Ghaeltacht. Tá agus beidh bagairt ann i gcónaí ón Bhéarla. Le dul i ngleic leis an bhagairt seo, tá próiseas pleanála teanga curtha ar bun sna Gaeltachtaí a thugann deis do na pobail machnamh a dhéanamh ar an chineál pobal teanga atá de dhíobháil orthu agus plean a chur le chéile dá réir. Is cur chuige nua é sin, bunaithe ar mhianta an phobail, ach beidh tacaíocht láidir stáit ag teastáil lena chinntiú go mbeidh rath air.

Cá bhfios cad é an dearcadh a bheadh ag ceannairí 1916 ar an Ghaeltacht sa bhliain 2016? Tá athruithe as cuimse tarlaithe sa Ghaeltacht nó sa tseachtú seachtú le 100 bliain anuas. Sa bhliain 1916, bhí an chuid is mó de na ceantair Ghaeltachta beo bocht, ainneoin go raibh saibhreas cultúrtha ag baint leo. Sa lá atá inniu ann, tá cúrsaí eacnamaíochta feabhsaithe. Tá pobal dátheangach sa Ghaeltacht, leis an fhéinmhuinín a bhronnann leibhéal maith oideachais agus tuiscint mhaith ar a chultúr féin ar an duine, agus a bhfuil tionchar suntasach aige ar phobal uile na hÉireann ó thaobh na teanga agus an chultúir de. Níor chóir beag is fiú a dhéanamh de na dúshláin atá roimh na ceantair Ghaeltachta, áfach.

I ré seo na cumarsáide agus an domhandaithe, tá teacht ag an Ghaeltacht ar chultúr an Bhéarla ar fud na cruinne. Mar sin de, is rogha a dhéanann an pobal a chultúr agus a theanga féin a choinneáil nó a chaitheamh uaidh. Is ceantair thuaithe iad na Gaeltachtaí go léir agus ní gan dua a mhealltar fostóirí chucu. Is dúshlán ar leith é a chinntiú nach bhfuil muid ag cur oideachais ar ár ndaoine óga ar mhaithe leis an imirce.

Céad bliain i ndiaidh Éirí Amach 1916, ainneoin na ndeacrachtaí agus na dtairngreachtaí go léir ag tuar a báis, is í an Ghaeilge an teanga is ársa san Eoraip a labhraítear go fóill mar theanga phobail.

Ní beag an méid sin.

Tá Anna Ní Ghallachair ina Stiúrthóir ar Ionad Teangacha Ollscoil Mhá Nuad agus is í Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta í ó bhí 2012 ann.

Litríocht na Nua-Ghaeilge

Tá leabhair Ghaeilge ann do gach duine. Aimsíonn **Alan Titley** ábhar ceiliúrtha, mórtais agus machnaimh i litríocht na Gaeilge

Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893 d'fhógair siad go raibh dhá chuspóir acu – sa chéad dul amach, an Ghaeilge a choimeád á labhairt agus a leathnú, agus nualitríocht a chothú inti chomh maith céanna. Cibé rud a déarfaí mar gheall ar an gcéad aidhm sin, níl aon amhras ná gur éirigh thar barr amach leis an dara ceann.

Tá litríocht á scríobh sa Ghaeilge anois agus le cúpla glúin anuas a chuirfeadh iontas ar bhunaitheoirí an Chonartha agus ar an bpobal a bhí suas lena linn. Uaireanta ba dhóigh leat gur geall le míorúilt í ag cuimhneamh dúinn ar leochaileacht na teanga féin agus ar an neamhshuim fhorleathan ina taobh i measc mhórmheáin na tíre.

Ba chuma nó míorúilt, leis, an tslí inar thosaigh sí. Ní foláir cuimhneamh go raibh formhór mór de chainteoirí dúchais na teanga neamhliteartha sa Ghaeilge ag tús na haoise seo caite. Ní raibh nós na léitheoireachta bunaithe ina measc, agus dá mbeadh, ar éigean a bheadh ábhar inspéise ar fáil dóibh. Dá réir sin, na díospóireachtaí móra a bhí ann sna blianta tosaigh sin maidir le cineál na nualitríochta ba chóir bheith ann, taibhsíonn siad baoth agus gan dealramh dúinn anois. Bíodh sin mar atá, tá a scáil i gcónaí dár leanúint agus is minic na slata tomhais a leag siad síos á gcur siar ar an litríocht chomhaimseartha, go fiú i ngan fhios dúinn.

Ar leith amháin theastaigh ó dhaoine go leanfadh an nualitríocht múnlaí an dúchais a raibh baint ag an mbéaloideas agus ag saol na tuaithe leo; agus ar an leith eile go mbeadh sí chomh nua-aoiseach iltíreach le litríocht theanga ar bith eile, go háirithe ar mhór-roinn na hEorpa. Bíodh an deighilt sin róshimplí, fós féin is é fírinne an scéil go raibh an dá thaobh réabhlóideach. Nuair a d'fhoilsigh an tAthair Ó Laoire *Séadna* sa bhliain 1904 ba léir go raibh sé bunaithe ar an mbéaloideas, ar an seansaol, ar phiseoga, ar chreideamh an naoú haois déag. Ach bhí an teanga nua-aimseartha, snoite, bearrtha, fileata nuair ba ghá.

Úrscéal i múnla réadach na hEorpa ba ea *Deoraíocht* (1910) le Pádraic Ó Conaire, an chuid is mó de suite i Londain i bhfoirm eachtraí scanrúla agus machnaimh léanmhair ar chora deacra an tsaoil. Ba dheacair dhá úrscéal níos éagsúla a shamhlú, ach is fiú gach ceann díobh a léamh fós.

Laistigh de 20 bliain ó bhunú an Chonartha bhí litríocht nua á scríobh go lánmhuiníneach. Bíodh cuid mhaith den chreidiúint sin ag dul d'fhoilseacháin éagsúla ar nós *Fáinne an Lae* agus *An Claidheamh Soluis* a thug caoi don chéad ghlúin riamh de ghnáthdhaoine a raibh litearthacht Ghaeilge acu ábhar a sholáthar dóibh.

> “Tá scéal litríocht na Gaeilge ar cheann de na gaiscí is mó a tharla de bharr na hAthbheochana

Formhór mór de scríbhneoirí na linne sin, níor léigh siad leabhar Gaeilge riamh ag fás suas dóibh! Bhí baint mhór ag Pádraig Mac Piarais fad is a bhí sé ina eagarthóir ar *An Claidheamh Soluis* le scríbhneoirí a mhisniú, agus leag sé amach an tslí dóibh lena chuid scríbhinní féin, go háirithe lena chuid gearrscéalta.

Turas fionnachtana agus turas amach ar thír aineoil ba ea na blianta tosaigh sin. Den chéad uair leis na cianta thosaigh na canúintí éagsúla ag cur aithne ar a chéile.

Cheapfá gur cheart gur aithne ar fónamh ba ea í sin, ach bhí éad agus arraingeacha agus aighnis tríd an aithne.

Chuige sin dílseachtaí réigiúnacha agus áitiúla cuid mhaith de dhílseachtaí litearthа na Gaeilge beag beann ar fhiúntas an scríbhneora go minic. Thug sin fuinneamh agus díocas don litríocht ar an gcuid is fearr de, ach uaireanta eile cheil sé maitheasaí ba chóir a bheith soiléir.

Féachadh riamh ar Shéamus Ó Grianna, nó 'Máire', mar scríbhneoir Ultach, go deimhin, mar scribhneoir Conallach.

Scríobh sé scata úrscéalta, breis agus 100 gearrscéal, agus ní fios cad eile ó chrom sé ar an bpeann tar éis Éirí Amach 1916 nuair a bhí lasair gach dóchais beo.

Is fíor gur dhreach sé smut de shaol Thír Chonaill mar a bhí i ndeireadh 19ú haois nár deineadh riamh roimhe, ach ba shaol bhochtáin uile iarthar Éireann é chomh maith. Ní raibh de dhifríocht idir beatha an Bhlascaoid in iarthar Chiarraí agus beatha na Rosann in íochtar Dhún na nGall ach an chanúint féin agus ainmneacha nósmhara na ndaoine. Thóg sé tamall fada an méid sin féin a thuiscint.

Is ón mBlascaod céanna sin a tháinig cuid de chlasaicí móra na Gaeilge. Is lánait le daoine go samhlófaí clasaic le leabhar ar nós *An tOileánach* (1929) le Tómás Ó Criomhthain, leabhar nach bhfuil ann ach cuntas lom ar shaol iascaire/scolóige ar imeall na hÉireann. Shíl Myles na gCopaleen go raibh sé ar cheann de na leabhair is iontaí dár léigh sé riamh, agus bhí ardmheas ag John McGahern air. Is é nár thuig daoine gurbh é cruas na hinsinte agus neamhrómánsaíocht an mhachnaimh agus glaine na teanga a rinne clasaic de.

Maidir leis an saol a chaith sé féin agus a mhuintir, b'éigean deireadh a chur leis; níorbh é sin saol na Gaeilge mar a shíl amadáin, ba é saol na bochtaineachta é.

Ba de shaol sin na bochtaineachta Máirtín Ó Cadhain. Aithnítear anois é mar phríomhscríbhneoir na Gaeilge san 20ú haois. Is de shuimiúlacht gurbh é an chéad leabhar a scríobh sé ná aistriúchán ar dhroch-úrscéal le Charles J. Kickham, ach ba dhrochúrscéal gach úrscéal a scríobh Kickham.

Ba faoi scéim aistriúcháin a chuir an Stát ar bun d'fhonn ábhar léitheoireachta a chur ar fáil don phobal a rinne sé an t-aistriúchán. Scéim réabhlóideach ba ea é sin a thug cleachtadh pinn do scríbhneoirí.

Is beag duine a déarfadh nach raibh na haistriúcháin a rinne Seán Mac Maoláin ar úrscéalta William Carleton níos dílse do spiorad na mbunsaothar, nó leagan Sheáin Uí Chuirrín de *Dracula* (1933) níos fileata ná leagan Bram Stoker.

Bhí spioraid Uí Chadhain ar gach abairt de *Sally Kavanagh* (*Saile Ní Chaomhánaigh*, 1932). Is ann a léirigh sé nach raibh aon teora lena chumas teanga, lena chruthaitheacht friotail, leis na sciatháin samhlaíochta a bhí le leathnú aige go háirithe ina mhórshaothar *Cré na Cille* (1949) agus sna gearrscéalta iomadúla a bhreac sé mar gheall ar shaol a mhuintire.

Is beag duine atá dulta i ngleic fós leis an dá mhórshaothar próis a foilsíodh tar éis a bháis, an t-úrscéal *Athnuachan* (1995) agus an leabhar *Barbed Wire* (2002) a chuir Cathal Ó Háinle in eagar chomh hinléite sin.

Thug Máirtín Ó Cadhain misneach agus treoir do scríbhneoirí eile mar a dhéanann máistir. Tháinig rabharta mór faoin bprós i seascaidí na haoise seo caite nuair a thosaigh Diarmaid Ó Súilleabháin ar fholús tuisceana na tíre a thaighdeadh, Eoghan Ó Tuairisc ar scagadh a dhéanamh ar an stair, Breandán Ó Doibhlin ar ár gcuid miotas pobail a léirmhíniú go fileata, agus Dónall Mac Amhlaigh ar fhírinne chrua na sclábhaithe Éireannacha i Sasana a chur os ard. Ba thréimhse ghlórmhar é 1960í na haoise seo caite maidir leis an úrscéal de, agus lean a mhacalla isteach sna deich

Seán Ó Ríordáin, duine d'fhilí móra na Gaeilge

mbliana dár gcionn nuair a scríobh Breandán Ó hEithir úrscéal a bhain an barr amach ar liosta na leabhar ab airde díol sa tír idir Ghaeilge agus Bhéarla le *Lig Sinn i gCathú* (1976). Ceann de bhuaiceanna an phlé liteartha ba ea an díospóireacht bhinbeach aoibhinn álainn ghéar a lean foilsiú an dara húrscéal uaidh *Sionnach ar mo dhuán* (1988). Bhí de mhisneach ag léirmheastóirí agus ag criticeoirí tabhairt faoina chéile le ceol is le gealadhram, rud nach bhfuil déanta acu, ach ar éigean, ó shin.

Cé gur scríobh an Piarsach dánta a luaitear agus a aithrisítear fós ní féidir a rá go raibh an fhilíocht chun tosaigh in athchruthú na litríochta sna blianta tosaigh.

B'in toisc go raibh feidhm oscailte mhisniúil phoiblí ag an bhfilíocht riamh anall i litríocht na Gaeilge agus go raibh sí cúngaithe isteach inti féin sa nualitríocht Eorpach. Is lánait gur bheag ar fad den fhilíocht bhrostaitheach ghríosaitheach a cumadh le linn chogadh na saoirse.

B'éigean fanacht go dtí gur chrom Máirtín Ó Direáin ar a shaol féin a nascadh lena shaol poiblí sula bhfuaireamar nuafhilíocht d'aon dealramh, agus b'in breis agus dhá scór bliain ó thosaigh litríocht na Nua-Ghaeilge. Ba é Máirtín an réabhlóidí ba choimeádaí dá raibh riamh ann. Chruthaigh sé Árainn de chuid na samhlaíochta mar mhalairt ar Éirinn a linne, ach is féidir a chuid filíochta a léamh i gcónaí, ní ar mhaithe lena theachtaireacht shaonta, ach ar son na stíle aoibhne inar dheachtaigh sé a bheatha rúin.

Ba dhual do Sheán Ó Ríordáin a bheith ina fhile ar an gcuma chéanna. Cainteoir dúchais Gaeilge a shlog an chuid is fearr de litríocht na hEorpa isteach ina chraos féin agus a bhfuil na cnuasaigh filíochta uaidh ar an bhfilíocht is greanta agus is mó éigse sa Nua-Ghaeilge. D'fhéadfaí an rud céanna, a bheag nó a mhór a rá mar gheall ar Mháire Mhac an tSaoi, bíodh nárbh ionann samhlaíocht dóibh. Thug sí guth do shaoltaithí na mban mar a bhí le linn a hóige, agus don bhean phósta a raibh páistí aici, guth a bhí balbh leis na céadta bliain.

Bhí glacadh leis an triúr réamhráite seo mar 'thriúr mór' na nua-fhilíochta ar feadh i bhfad. Ní rabhthas ag coinne, beag ná mór, leis an rabharta a tháinig de dhroim na réabhlóide filíochta a thionscain buíon bheag de mhic léinn in UCC, óir, réab siad an chaille ghnáith agus chuir siad an traidisiún suas síos ar ais. Tugtar glúin INNTI ar an athrú treo sin, ar an gcasadh siar i dtreo na Gaeltachta, agus ar an gcasadh soir i dtreo an domhain eile. Is é is suaithinsí ná gur scaoil siad leis na comhlaí agus go raibh filí eile réidh ullamh, mar a bheadh bosca draíochta le hoscailt, rud a tharla ó shin.

Ba í an drámaíocht an chuid ba laige den nualitríocht riamh anall. Fadhbanna teicniúla agus amharclannaíochta ba mhó faoi deara sin, fara pobal scaipthe teanga seachas sa Ghaeltacht agus sna cathracha móra. Ba bheag scríbhneoir cumasach Gaeilge nár chuaigh i ngleic leis an drámaíocht uair éigin, ach ba bheag duine díobh a chaith iomlán dúthrachta léi, seachas b'fhéidir Máiréad Ní Ghráda a thug ar a laghad clasaic amháin dúinn in *An Triail* (1964), a chomharthaigh cuid de laigí follasacha shochaí na tíre, laigí nár tháinig chun solais go ceann i bhfad i ndiaidh a scríofa.

Is fairsinge í litríocht na Gaeilge ná na hearnálacha sin a nglactar leo go coitianta sa domhan Angla-Éireannach mar 'litríocht'. Ba den litríocht riamh í an stair.

Litríocht is ea cabaireacht na critice chomh maith, go leor di níos 'cruthaithí' ná an scéalaíocht ná an fhilíocht féin. Tháinig méadú thar meon ar litríocht 'dhioscúrsach' seo na Gaeilge sa dara leath den aois seo caite, is é sin an scríbhneoireacht a phléann an éigse agus an stair agus an smaointeoireacht.

Rinne Breandán Ó Buachalla athscríobh ar stair na hÉireann lena *Aisling Ghéar* (1996), mar a dhein Liam Ó Caithnia spórt na tíre a nochtadh dúinn in *Scéal na hIomána* (1980). Níl iontu seo ach dhá shampla fhánacha den solas a scaip litríocht na Gaeilge ar eolas na tíre.

Is deacra trácht a dhéanamh ar an litríocht chomhaimseartha, gan amhras, mar táimid i gceartlár a cuilithe. Is minic lua ar scríbhneoir a bhfuil gealladh mór faoi ach a imíonn as ar nós coinnle an tsamhraidh.

Fós féin le scór go leith bliain anuas tá taispeánta go bhfuil litríocht na Gaeilge chomh beoga is chomh bríomhar is a bhí riamh. Go deimhin féin féinig b'fhéidir go bhfuil litríocht na Gaeilge níos cumasaí, níos fairsinge, níos idirghabhálaí, níos dúshlánaí, níos éagsúlaí, níos idirnáisiúnta, níos eolgaisí dúchais, ná mar a bhí riamh. Tá litríocht na n-óg bríomhar agus éagsúil; tá ábhar ann don fhoghlaimeoir fásta; tá aistriúcháin á ndéanamh go rialta; tá scríbhneoireacht nua á déanamh don teilifís; níor tréigeadh riamh an béaloideas.

D'fhéadfá formhór do shaoil léitheoireachta anois a chaitheamh ag gabháil d'fhilíocht na Gaeilge; agus níl oiread is aon chineál scéalaíochta, idir úrscéal agus ghearrscéal, nach bhfuil á shaothrú go rábach agus go healaíonta.

Má tá Gaeilge agat ar leibhéal ar bith, tá ábhar ann duit. Tá scéal litríocht na Gaeilge ar cheann de na gaiscí is mó a tharla de bharr na hAthbheochana agus má tá seo á léamh agat ní leithscéal ar bith feasta an t-aineolas.

Is scríbhneoir é Alan Titley

Teanga dhomhanda

Is teanga idirnáisiúnta í an Ghaeilge. Tugann **Kevin Scannell** léargas ar na deiseanna teanga fud fad na cruinne i ré seo na teicneolaíochta

Is teanga dhomhanda í an Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Ar ndóigh, tá neart daoine le Gaeilge as Éirinn ina gcónaí thar lear, mar a bhí riamh, ach le blianta beaga anuas tá borradh mór faoin líon daoine nach Éireannaigh iad atá ag foghlaim na Gaeilge thar lear, in institiúidí tríú leibhéal (go háirithe i Meiriceá Thuaidh a bhuí le tacaíocht ó Fhondúireacht Fulbright sna Stáit Aontaithe agus an ICUF i gCeanada), i ranganna áitiúla i measc an phobail ar fud an domhain, agus trí acmhainní nua-aimseartha ar líne, cianfhoghlaim, aipeanna, agus a leithéid.

Faraor tá sé thar a bheith deacair teacht ar staitisticí iontaofa maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge taobh amuigh d'Éirinn. Cé mhéad duine thar lear a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu? Cé mhéad duine a bhaineann úsáid as an teanga go rialta, sa bhaile, i measc an phobail, nó ar líne? Nuair a seoladh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i mí na Nollag 2010, cuireadh béim ar mhúineadh na Gaeilge thar lear, agus cheap dream againn i Meiriceá Thuaidh gur chóir dúinn ár straitéis féin don teanga a phlé. Dá bharr sin, tionóladh comhdháil acadúil in Ollscoil Ottawa i nDeireadh Fómhair 2011, "An Fiche Bliain atá Romhainn: Taighde agus Teagasc na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh" go hiomlán trí mheán na Gaeilge (an chéad chomhdháil dá leithéid i Meiriceá Thuaidh go bhfios dom).

Léigh an tOllamh Brian Ó Broin ó Ollscoil William Paterson i Nua-Gheirsí páipéar an-spéisiúil faoi thaighde ar na ceisteanna seo, cur síos cuimsitheach ar phobal na Gaeilge sna Stáit Aontaithe.

Dea-scéal agus drochscéal a bhí ann mar is gnách; mheas sé go bhfuil níos mó ná 150,000 duine sna Stáit a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, ach níos lú ná 1000 a bhíonn sásta freastal ar ócáidí Gaelacha agus an teanga a úsáid ar bhonn rialta. Cibé líon beacht atá ann, is léir nach bhfuil ach céatadán an-bheag den "mhargadh" ollmhór Gael-Mheiriceánach, 37 milliún de líon slua, a bhfuil cumas éigin sa teanga acu.

Déanaimse taighde ar chúrsaí ríomhaireachta agus conas is féidir tairbhe a bhaint as an Idirlíon, as bogearraí agus as na meáin shóisialta le mionteangacha agus teangacha atá i mbaol báis a chur chun cinn. Is minic a dhéanaim obair le pobail diaspóra atá scartha ó fhoinse stairiúil a dteanga, go díreach cosúil le pobal na Gaeilge thar lear. Tá an líonra sóisialta Twitter thar a bheith úsáideach mar ardán do thaighde den sórt seo, toisc gur minic gur féidir teacht ar eolas tíreolaíochta faoi úsáideoirí an tsuímh: cá as a dtagann na tvuíteanna, cá bhfuil na daoine atá ag comhrá le chéile, agus cén teanga a úsáideann siad?

Rinne mé staidéar cúramach ar phobal na Gaeilge ar Twitter cúpla bliain ó shin, agus mar chuid den obair sin tháinig mé ar níos mó ná ocht míle duine ag tvuíteáil i nGaeilge, agus níos mó ná 1.2 milliún tvuít sa teanga ó bunaíodh Twitter in 2006 – pobal bríomhar cainteach gan aon agó! An rud a chuir iontas orm ná gur tháinig beagnach fiche faoin gcéad de na tvuíteanna seo ó áiteanna taobh amuigh d'Éirinn. Ní grúpa beag foghlaimeoirí é seo atá ag iarraidh an cúpla focal a úsáid, ach dream mór a bhfuil ról lárnach i saol intleachtúil agus saol cultúrtha na Gaeilge ar líne acu, ar aon chéim le cainteoirí Gaeltachta agus cainteoirí líofa eile in Éirinn. Is fiú a lua freisin go bhfuil pobail na Gaeilge ar Twitter i bhfad níos scaipthe ó thaobh tíreolaíochta ná aon mhionteanga eile san Eoraip. Tá na daoine atá ag tvuíteáil i mBascais, i mBreatnais, nó i mBriotáinis cruinnithe go dlúth le chéile in áit dúchais na dteangacha sin den chuid is mó; i gcás na Gaeilge, feictear go leor tvuíteanna as na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil, an Spáinn, an Fhrainc, an Fhionlainn, an Bhrasaíl, srl., srl.

Is minic a bhíonn foghlaimeoirí Gaeilge thar lear ina n-aonar, ag foghlaim ó leabhair agus ó áiseanna Idirlín, gan mórán deiseanna acu an teanga a chleachtadh nó fiú comhrá simplí a dhéanamh. Tugann Deibhin Ó Flannagáin, múinteoir óg Meiriceánach as Indiana, "a Gaeltacht of one" ar an bhfeiniméan seo. B'fhéidir gur ionann é seo agus an scéal i gceantair áirithe in Éirinn taobh amuigh den Ghaeltacht: easpa áiteanna le bualadh isteach agus a mbeifeá cinnte go mbeidh daoine le Gaeilge ann. An réiteach is fearr atá againn i Meiriceá Thuaidh ná an "deireadh seachtaine" Gaeilge, imeachtaí speisialta tumoideachais a bhfuil an-tóir orthu anseo agus timpeall an domhain. De ghnáth, is múinteoirí deonacha a eagraíonn na hócáidí seo, daoine díograiseacha a dhéanann taisteal ó áit go háit, ag scaipeadh an tsoiscéil. Uaireanta, oibríonn siad go neamhspleách, uaireanta eile faoi scáth ceann de na heagraíochtaí seasta, mar shampla Daltaí na Gaeilge, Oireachtas Gaeilge Cheanada, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, nó an grúpa pan-Cheilteach NAACLT.

> "Ní caitheamh aimsire é seo dúinn. Ba mhaith linn páirt iomlán a ghlacadh i saol na Gaeilge mar theanga bheo

Cé go bhfuil sé deacair bualadh le daoine eile a bhfuil Gaeilge acu, níl sé dodhéanta!

Go díreach mar is féidir leat bualadh isteach sa Chultúrlann i mBéal Feirste, nó i gClub Chonradh na Gaeilge ar Shráid Fhearchair, tá an tírdhreach i Meiriceá Thuaidh breac le háiteanna speisialta den chineál seo ina bhfuil an teanga beo: Rocky Sullivan's in Brooklyn, Ollscoil Milwaukee, Gaeltacht Cheanada in Ontario, Glucksman House in Ollscoil Nua-Eabhrac, áiteanna éagsúla timpeall Bhostún Theas agus Dorchester. Ní thuigeann mórán daoine in Éirinn an méid Gaeilge atá ar fáil sna háiteanna seo, agus uaireanta cuireann sé iontas ormsa chomh maith. Mar shampla eile, cúpla mí ó shin, thug an tOllamh Brian Ó Conchubhair cuireadh go hOllscoil Notre Dame in South Bend, Indiana, dom chun léacht a thabhairt faoi chúrsaí teicneolaíochta, ríomhaistriúchán, agus na teangacha Gaelacha. Ar ndóigh tá clú is cáil ar "Fighting Irish" Notre Dame i measc an phobail Ghael-Mheiriceánaigh anseo, ach níl a fhios ag mórán go bhfuil an Ghaeilge á múineadh san ollscoil chomh fada siar le 1868, agus go ndéanann slua mór mac léinn staidéar ar an teanga fós.

Sular thosaigh mé an léacht, d'fhiafraigh Brian díom ar mhaith liom í a thabhairt as Gaeilge, toisc go raibh Gaeilge mhaith ag gach duine sa lucht éisteachta!

Ba ghnáthfhoghlaimeoir mé nuair a thosaigh mé leis an teanga i m'aonar sna 1990í. Féiniúlacht láidir Ghael-Mheiriceánach. Suim agam i gcúrsaí polaitíochta agus i gcultúr na hÉireann. Sna laethanta sin, ba éard a bhí againn chun an teanga a shealbhú ná leabhair, foclóirí, agus téipeanna ar an Walkman.

Ar feadh blianta, ní raibh aon deis agam an teanga labhartha a úsáid, ná fiú bheith i



‘Cén sórt acmhainní teicneolaíochta a bheidh ag pobal na Gaeilge sa todhchaí?’

dteagmháil le cainteoirí líofa in Éirinn ar chor ar bith. Thosaigh an “ríomhlóid”, mar a deirtear anois, i mo shaolsa leis an liosta ríomhphoist Gaelic-L, bunaithe ag beirt cheannródaithe i saol na Gaeilge ar líne, Marion Gunn agus Caoimhín Ó Donnaíle, in 1989. D’aithin siad níos mó ná 25 bliain ó shin go bhféadfaí tairbhe a bhaint as an Idirlíon chun pobal fíorúil a chruthú agus cainteoirí mionteangacha a tharraingt le chéile ar líne. Leis an tionchar a imríonn na líonraí sóisialta mór le rá, Twitter agus Facebook agus a leithéidí, ar shaol an lae inniu, tá sé an-éasca dearmad a dhéanamh cé chomh réabhlóideach agus a bhí líonra den sórt seo ag an am.

Anois, in 2016, tá mo ríomhaire ar fad i nGaeilge. Éistim le *Adhmhaidin* ar Raidió na Gaeltachta i mo charr chuile mhaidin in St. Louis, Missouri (agus mar dheimhniú sa bhreis ar dhomhandú na Gaeilge, cloistear comheagraithe le Gaeilge líofa as gach cearn den domhan ar an gclár). Déanaim comhrá trí Google Hangouts nó Skype le cainteoirí eile anseo sna Stáit. Soláthraíonn Gaelchultúr agus dreamanna eile cianfhoghlaim bheo sa teanga.

Cén sórt acmhainní teicneolaíochta a bheidh ag pobal na Gaeilge sa todhchaí?Chuala mé léacht thar a bheith suimiúil le Ciarán Ó Cofaigh ón gcomhlacht scannánaíochta Rosg ina ndearna sé cur síos ar na féidearthachtaí a bhaineann le Réaltacht Fhíorúil agus an Ghaeilge.

Amach anseo, is dócha go mbeidh foghlaimeoir i Meiriceá in ann “suí síos” (mar dhea) agus cupán caife a fháil le cainteoir dúchais i gConamara, nó agallamh a dhéanamh le Rónán Mac Aodha Bhuí in aice leis i stiúideo fíorúil, an bheirt acu ar chóras HoloLens nó Oculus Rift!

Tá áit lárnach ag an nGaeilge i mo shaolsa, agus tá mé cinnte go ndéarfadh go leor daoine eile ar fud an domhain an rud céanna. Ní caitheamh aimsire é seo dúinn. Ba mhaith linn páirt iomlán a ghlacadh i saol na Gaeilge mar theanga bheo. Ba mhaith linn obair fhiúntach a dhéanamh ar son na cúise. Ba mhaith linn páistí a thógáil leis an teanga. Tá filí, ceoltóirí, scoláirí, múinteoirí, teangeolaithe agus ríomhchláraitheoirí inár measc, agus creidimse go gcuirimid go mór le saibhreas agus ilghnéitheacht phobal na Gaeilge. Bígí ag caint linn!

Tá Kevin Scannell ina Ollamh le Matamaitic agus Ríomheolaíocht in Ollscoil San Louis, Missouri

Na Meáin Ghaeilge ó 1916 anuas

Sháraigh na meáin Ghaeilge mórán fadhbanna. Measann **Cathal Goan** go mbeidh deacrachtaí eile ann san am atá le teacht

Éireoimid feasta, tá an lá geal ag teacht,
Is ní bheimid faoi smacht mar atáimid
Ag smeirle gan bhrí nó lucht Béarla gan chroí
Ach bhéarfaimid aghaidh ar an námhaid.

Mura bhfuil véarsaíocht Dhubhghlas de hÍde thar moladh beirte mar fhilíocht, ní fhéadfaí doiléire a chur ina leith i dtaca le héirim de; athshlánú na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh a bhí le bheith mar bhunchloch don tSaoirse a bhí le baint amach d'Éirinn, dar leis. Bhí na haidhmeanna sin chun tosaigh ariamh aige ar aon sprioc pholaitiúil ach má bhí féin, níor leasc leis dul i dtuilleamaí an fhriotail fhórsúil chéanna is a bhí in úsáid ag lucht an fhoréigin chun a mhian a chur in iúl; "námhaid", "cladhaire an Bhéarla" agus ar ndóigh "éireoimid".

Agus nuair a cuireadh an "éireoimid" i bhfeidhm aimsir na Cásca 1916 cuid mhaith mhór den ghlúin óg a d'éirigh bhí siad go mór faoi anáil shoiscéal an Chraoibhín agus an Chonartha.

Ba gheall le deasghnátha iontrála do na hÓglaigh printíseacht a bheith caite mar bhall de Chonradh na Gaeilge. Bhí an Ghaeilge le bheith lárnach sa Réabhlóid.

Ábhar iontais shílfeá mar sin nach ndéantar aon tagairt don Ghaeilge ná dá hathshlánú i bhForógra na Cásca a léigh an Piarsach os ard taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath maidin Luan Cásca; doiciméad ar cuireadh cló ar na céadta cóip de agus a scaipeadh ar fud Bhaile Átha Cliath agus a bhí dá réir ar an chéad shampla d'úsáid na meán ag an Rialtas Sealadach.

Amach ón teideal tosaigh "Poblacht na hÉireann", ní ann don Ghaeilge; níl trácht ar bith uirthi sa liodán de chearta inmholta a dhearbhaíonn an Rialtas Sealadach don saoránach. An teanga arbh ionann a hathbheochan agus bunchloch don neamhspleáchas tugtar tús áite di i leagan amach an doiciméid agus cuirtear i leataobh ina dhiaidh sin í.

Ní hé go rabhthas iomlán failíoch ina leith sa tréimhse chorrach i ndiaidh an Éirí Amach agus ba ar scáth a chéile a mhair Gluaiseacht na Saoirse agus lucht na hAthbheochana i dtaca le húsáid na meán d'fhonn dul i gcion ar thuairimí inathraithe an phobail. Ba ghléas í an Ghaeilge chun an náisiúnachas a dhaingniú agus tapaíodh an deis sna foilseacháin Ghaeilge (idir irisí aonteangacha agus dátheangacha) an bholscaireacht chéanna a chur chun cinn.

Is iomaí sin iris Ghaeilge idir sheachtainiúil, mhíosúil agus ócáidiúil a tháinig agus a d'imigh i ndiaidh bhunú an tSaorstáit. Níorbh ionann feidhm do gach ceann acu óir bhí cuid acu arbh orgáin chumarsáide iad ag eagrais ar leith.

Cuid eile b'uirlisí troda iad i gcogadh na gcanúintí. Cuid acu ba fheithiclí iad chun ardán a thabhairt d'obair úrnua chruthaitheachta; cuid eile ba bhealaí iad le seanscéalta béaloidis a chur os comhair an phobail léitheoireachta.

Ceann suntasach amháin a sheas amach agus a mhair corradh agus trí bliana ba ea *An tÉireannach* (1934-1937): páipéar sóisialach Gaeltachta a bhfuil a stair inste go glinn ag Éamon Ó Ciosáin ina leabhar siúd dar teideal sin (1993). Is é a deir Ó Ciosáin faoin chuid is mó de nuachtáin Ghaeilge na tréimhse seo: "Is mó an chosúlacht a bhí riamh ag páipéir nuachta na Gaeilge le páipéir agus irisí gluaiseachtaí beaga polaitíochta áit ar bith san Eoraip ná le nuachtáin laethúla nó seachtaine. Go deimhin, tar éis tús maith agus freastal ar riachtanais nuachta mar nuacht, d'imigh cuid mhaith de na páipéir Ghaeilge le cúrsaí na cúise gan móran moille."

Bhí agus tá téama sin na cúise linn anuas go dtí an lá inniu féin. Nuair is iondúil gur ar shubstaint agus ar théagar an ábhair atá faoi chaibidil idir nuacht, anailís agus ghnémhíreanna a bhíonn eagarthóir ag smaoineamh, bhí agus tá an tsoiscéalaíocht mar dhlúthchuid den chur chuige sna meáin Ghaeilge. Rud eisceachtúil ba ea foilseachán a bhí dírithe go lán-chomhfhiosach ar mhuintir na Gaeltachta nó ar lucht labhartha na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht mar a bhí i gcás *An tÉireannach* agus *Amárach* 40 bliain ina dhiaidh. Ba mhó áis iad na meáin Ghaeilge chun an teanga a thabhairt slán ná de sholáthróirí nuachta agus eolais.



POBLACHT NA H EIREANN.
THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
IRISH REPUBLIC
TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face

> Ábhar iontais shílfeá nach ndéantar aon tagairt don Ghaeilge ná dá hathshlánú i bhForógra na Cásca

Is amhlaidh a bhí teachtaireacht Dhubhghlais de hÍde i dtús na bliana 1926 nuair a thug sé aitheasc oscailte 2RN an chéad stáisiún raidió sa Saorstát; ba ghléas ríthábhachtach an 'gléus gan sreang' chun Éire a athghaelú. "Is droch-spota i gcorp na hÉireann an galldachas seo agus ní bheidh Éire slán go ngearrfar amach aisti é," a dúirt sé.Ba léir ag an tráth seo féin nach raibh gach duine ar aon tuairim faoi ról bolscaireachta sin an raidió. Bíodh is nach raibh ach céadatán beag de na cláir a craoladh i dtús na 1930í as Gaeilge, go fóill féin mhair an cháil ar 2RN agus ar Radio Éireann ina dhiaidh go raibh barraíocht den Ghaelachas, idir cheol agus chaint, ag baint leis an tseirbhís. Ón am sin ar aghaidh, an bharraíocht ag cuid den phobal níor leor í ag cuid mhaith eile, go háirithe muintir na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Bhí caint ann ar sheirbhís dhílis as Gaeilge dá gcuid féin a bheith ag muintir na Gaeltachta chomh fada siar leis na 1940í ach níor tháinig a leithéid go dtí na 1970í agus an méid sin féin (i bhfoirm seirbhís theoranta i dtús ama) is de thoradh ar fheachtasaíocht agus ar léirsithe a baineadh amach í. Ba mhar a chéile ar bhealach teacht na teilifíse ag tús 1962 le siar is aniar

20 bliain ó shin. An chéad oíche gur thosaigh TG4 a chraoladh do lucht na Gaeilge fud fad na hÉireann

faoi laghad na gclár Gaeilge agus ról an chraoltóra náisiúnta i gcothú na teanga.

Lean an díospóireacht ar aghaidh go dtí gur bunaíodh Teilifís na Gaeilge in 1996.

Má theip ar mhisneach ghlúin an Éirí Amach le linn na 1920í agus na 1930í, tháinig glúin óg eile chun cinn i dtús na 1940í a raibh díograis, flosc agus samhlaíocht ag baint leo ar bhealaí éagsúla.

De thairbhe ghníomhaíochtaí an Chomhchaidrimh, tháinig an iris liteartha mhíosúil *Comhar* ar an tsaol in 1942 agus tá sí á foilsiú ó shin. Ón Chomhchaidreamh fosta a tháinig Gael Linn a mheall lucht féachana ollmhór sna pictiúrlanna le Amharc Éireann ó na 1950í ar aghaidh lena gcuid gearrscannán nuachta. Ag eascairt as dúthracht bhaill Ghlúin na Bua (a thosaigh mar chraobh de Chonradh na Gaeilge) a bunaíodh an nuachtán *Inniu* in 1943. Mhair an nuachtán sin i mbun oibríochtaí seachtainiúla go dtí 1984 agus ina dhiaidh; tháinig agus d'imigh *Anois* agus *Foinse* mar nuachtáin sheachtainiúla.

Mar an gcéanna tháinig agus d'imigh *Lá* a bhí tráth mar sheachtanán agus ina dhiaidh sin mar pháipéar laethúil.

Tá *Seachtain* mar fhorlíonadh seachtainiúil leis an *Irish Independent* agus é dírithe ar lucht na meánscoile go príomha.

Diomaite den *Irish Times* is rí-annamh a fheictear alt i nGaeilge ar na nuachtáin Bhéarla ó dheas. Ó thuaidh chomh maith le colúin ar an *Irish News* déantar freastal áirithe ar phobal na Gaeilge le Raidió Fáilte, le cláir anBBC agus leis *An tUltach* atá fadbhunaithe.

Le feidhmiú reachtaíochta nua liobrálaithe sna 1990í tháinig Raidió na Life ar an tsaol mar sheirbhís dheonach phobail do Bhaile Átha Cliath agus bíodh is go bhfuil dualgas reachtúil i leith na Gaeilge ar na seirbhísí neamhspleácha raidió uilig de bharr fhorálacha an Achta chéanna, is minic gur suntasaí teirce seachas treise na gclár Gaeilge s'acu.

Is fíor a rá go bhfuil an chuid is mó de na meáin seo taobh le maoiniú stáit agus nárbh ann dóibh ach gurb é an tacaíocht chéanna. Is fíric é sin i gcás na craoltóireachta seirbhíse poiblí i gcoitinne (cuma cé acu Gaeilge nó Béarla) agus is cinnte gurb amhlaidh an scéal le TG4 – an 'Gníomh Dóchais' agus an tionscnamh ba mhó agus ba chostasaí i dtaca le meáin Ghaeilge de ó bunaíodh an Stát.

Dála RTÉ Raidió na Gaeltachta, is de thoradh léirsithe agus craolta bradacha a tháinig borradh ar an éileamh do sheirbhís teilifíse trí mheán na Gaeilge. Murab ionann agus an raidió, nuair a bhíothas á bunú, ámh, cinneadh nach teilifiís Ghaeltachta a bheadh ann ach teilifís Ghaeilge.

Chomh maith céanna le freastal ar mhianta féachana phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di, bhí ról na soiscéalaíochta a bheagán nó a mhórán le brath ar a rabhthas ag súil leis ón stáisiún nua – normálú na teanga mar a dúirt Charles Haughey chomh fada siar le 1987.

Beidh TG4 ag ceiliúradh 20 bliain a bunaithe in 2016 agus tá lucht féachana beag ach dílis aici le tamall de bhlianta de bharr na seiftiúlachta agus na samhlaíochta. Leanann na hargóintí faoi líon na gclár i mBéarla ach ní féidir tuilleadh cláir Ghaeilge a chur á ndéanamh gan a thuilleadh airgid – rud is dóichí ná a mhalairt nach mbeidh ann.

Faoi mar a sheasann an scéal ar na meáin chraolta Ghaeilge a chaitear corradh is 20 faoin chéad den mhaoiniú poiblí do na meáin chraolta. Ní fhanann an saol socair sa ré dhigiteach agus cheana féin, tá Beo.ie agus Gaelport.ie – suíomhanna Gaeilge idirlín – tagtha agus imithe.

I ngeall ar chinntí maoinithe a tharla sé sin agus mar an gcéanna, chinn Foras na Gaeilge gur ar líne amháin feasta a bheidh nuachtán ar fáil do lucht léitheoireachta Gaeilge le tuairisc.ie. Ar líne amháin chomh maith atá iriseán na n-óg, Nós.

Beidh le feiceáil an cinneadh fadradharcach é sin nó polasaí atá á threorú ag géarchéim airgeadais.

Cibé faoi rud ar bith eile i gcás na meán Gaeilge ní hé a locht a laghad le 100 bliain anuas. Anois is féidir teacht ar gach meán Gaeilge reatha ar líne rud a fhágann go bhfuil rochtain orthu uilig ar fud an domhain. Ach tá na dúshláin chéanna rompu is atá roimh na meáin i dteangacha eile, bíodh siad domhanda nó neamhfhorleathan; inathraitheacht na haeráide digití; iomaíocht ó na hollmheáin idirnáisiúnta agus barrchostais mhéadaithe.

Anuas ar na dúshláin sin fanann an dá thrá ar gá freastal orthu. Níor fíoraíodh aisling de hÍde. Slánú na Gaeilge mar theanga phobail seachas a hathbheochan mar theanga labhartha náisiúnta is cúram dúinn anois. Tá bá ag móramh an phobail in Éirinn leis an Ghaeilge mar a léirítear i suirbhé i ndiaidh suirbhé ach is fada idir sin agus í a labhairt.

Cén ról ba chóir bheith ag na meáin Ghaeilge feasta; freastal ar lucht labhartha na teanga – dream nach ionann iad sa lá atá inniu ann agus na glúnta a chuaigh rompu de bharr na gaelscolaíochta agus chúngú na Gaeltachta – nó fanacht i mbun na misinéireachta i saol neamhairdiúil an Bhéarla ag súil is gur féidir an móramh sin a choinneáil báúil?

Is iarcheannasaí TG4 é Cathal Goan



An Ghaeilge sa Tuaisceart

Ceist achrannach a bhí sa Ghaeilge sa Tuaisceart. Ach creideann **Micheál Ó Máirtín** go bhfuil cuid mhór rudaí maithe bainte amach

Is follas ón líon mór daoine a chuaigh le Conradh na Gaeilge sa Tuaisceart i dtús ré na hathbheochana go raibh an-ráchairt ar imeachtaí an Chonartha agus gur thrasnaigh an líon sin na haicmí sóisialta, polaitiúla agus creidimh – feirmeoirí, múinteoirí scoile, sagairt san Eaglais Chaitliceach, Ministéirí sna hEaglaisí Protastúnacha, Fir Bhuí, saighdiúirí Briotánacha, póilíní agus feidhmeannaigh eile de chuid an stáit. Suim i dteanga na Gaeilge agus ina cultúr ábhartha an nasc a bhí idir na daoine seo agus ar ndóigh bhí an Ghaeilge á labhairt ar fad i gceantair éagsúla sa Tuaisceart go háirithe i nGlinntí Aontroma agus sna Speiríní. Sa daonáireamh a rinneadh sa bhliain 1911 dúirt 29,729 sna sé chontae as ar cruthaíodh stát an Tuaiscirt i 1922 go raibh Gaeilge acu. Bhí aitheantas agus roinnt tacaíochta faighte ag an Chonradh ón rialtas i mBaile Átha Cliath don teanga go háirithe mar ábhar sa chóras oideachais. Ach le teacht na críchdheighilte tugadh cúraimí ar leith ina measc cúram an oideachais don rialtas nua i mBéal Feirste. Rialtas aontachtach a bhí ann a bhí naimhdeach don Ghaeilge mar b'ionann an teanga dar leo agus uirlis chultútha an dream sin a d'úsáid foréigean in éadan na Ríochta Aontaithe agus a rinne feall ar an Impireacht ("the greatest instrument that God has yet created for liberty and progress and humanity") agus anois a bhí ag iarraidh stát an Tuaiscirt a scriosadh.

Leathchéad bliain a chaith aontachtóirí i réim ó thuaidh gan freasúra éifeachtach láidir. Chan amháin gur nocht siad naimhdeas don teanga ach rinne na húdaráis a ndícheall leis an teanga a bhascadh "we found Irish teaching in being when we took over and so far from encouraging it we have been reducing facilities". Chaill an teanga agus lucht a labhartha cibé beagán aitheantais agus tacaíochta a bhí le fáil roimh 1922. Cuireadh deireadh leis an chlár dátheangach oideachais a bhí i réim i gceantair áirithe ó 1904, baineadh an t-aitheantas agus an maoiniú d'institiúidí neamhspleácha amhail Coláiste Chomhghaill agus an Ardscoil Ultach, cuireadh deireadh leis an phost mar Organiser of Irish Instruction, chaill an teanga a stádas mar ábhar scoile "the language is of no practical use but may be of value to incipient traitors", caitheadh leis an teanga sa churaclam meánscoile mar a bheadh teanga mharbh nó teanga choimthíoch ann, coscadh an Ghaeilge ar BBC NI, níor ceadaíodh úsáid sráidainmneacha ná logainmneacha i nGaeilge agus léirigh polasaí oifigiúil na n-údarás nach raibh aon fháilte roimh an teanga agus go raibh amhras faoi dhílseacht aon duine a bhí báúil leis an teanga.

Seo í ré dhorcha na teanga ó thuaidh, staid a mhair go dtí na 1970í.

Comhaltas Uladh, eagraíocht dheonach a bunaíodh in 1926 a sheas an fód ar son na Gaeilge ó thuaidh. Choinnigh siad brú ar an rialtas, bhunaigh siad craobhacha ar fud an Tuaiscirt, reáchtáil siad ranganna agus ócáidí sóisialta agus feiseanna, bailíodh airgead go hairithe i dtrátha Lá Fhéile Pádraig, bhunaigh siad coláistí samhraidh i nGaeltacht Dhún na nGall, chuir siad scoláireachtaí Gaeltachta ar fáil, d'eagraigh siad comórtais scoile agus clubanna óige, d'fhoilsigh siad an iris mhíosúil *An tUltach* agus choinnigh siad lasair na Gaeilge beo. Lena chois sin, rinne múinteoirí a bhí dílis don teanga a gcion féin leis an teanga a chur chun cinn sa chóras oideachais agus i measc an phobail.

> "Mheasfá go raibh an Ghaeilge ar sheol na braiche ó thuaidh. Is iomaí tuar dóchais atá ann ach caithfear a admháil gurb iomaí dúshlán atá ann.

Rinne Cumann Chluain Ard a bunaíodh i mBéal Feirste sna 1930í "an English-free zone" a sholáthar do mhuintir na cathrach agus is féidir a rá gur anseo a d'fhabhraigh an smaoineamh faoi Ghaeltacht uirbeach a bhunú ar Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste.

Ba dhána an mhaise gan obair Ghael Linn a lua anseo fosta go háirithe na díospóireachtaí idirscoile (is iomaí cleamhnas agus buanchaidreamh Gaelach a d'eascair as na díospóireachtaí céanna) agus na scoláireachtaí trí mhí chun na Gaeltachta.

Tharla an dara tréimhse in athbheochan na Gaeilge ó thuaidh i mí Aibreáin 1968 nuair a thosaigh cúigear lánúin a thógail tithe ar Bhóthar Seoighe in iarthar Bhéal Feirste. Coilíneacht Ghaeilge Bhéal Feirste a tugadh ar an tionscadal ag an tús.

Ansin bunaíodh bunscoil lán-Ghaeilge le riar ar na páistí a bhí ina gcónaí sna tithe

Halla na Cathrach, Béal Feirste.
Grianghraf: The Irish Times

nua seo. 9 dalta a bhí sa bhunscoil seo. Rinne *The Irish Times* tagairt in 1971 do thionscadal Bhóthar Seoighe mar "Belfast-the strongest Gaeltacht" mar ba léir gur fás agus forbairt a bhí ag tarlú. In 1974 d'admhaigh an Roinn Oideachais tábhacht na Gaeilge sa churaclam i mbunscoileanna Béarla ach diomaite den ráiteas féin ní dhearnadh moltaí ar bith faoi fhorbairt na Gaeilge sa churaclam. Níor tharla mórán ó thaobh na Gaeilge sa chóras oideachais go dtí 1988 nuair a rinneadh iarracht eile an Ghaeilge a imeallú in *Education Reform in Northern Ireland: The Way Forward*.

Chuir baicle múinteoirí le cuidiú ó Chomhaltas Uladh, ó Ghael Linn, pholaiteoirí agus eaglaisigh in éadan na moltaí a bhí ag an Aire Oideachais agus theip ar a iarrachtaí. In 1981 craoladh sraith Ghaeilge ar BBC NI agus in 1985 ceapadh léiritheoir le bheith i mbun cláracha oideachais sa Ghaeilge agus craoladh an chéad chlár Gaeilge ar BBC in 1991. Cuireadh tús le Meánscoil Feirste in 1991 agus de réir daonáireamh 1991, nuair a cuireadh ceist sa Tuaisceart faoin Ghaeilge den chéad uair ó 1911 , mhaígh 142,003 duine go raibh Gaeilge acu. De réir daonaireamh 2011 dúirt 10 faoin gcéad go raibh Gaeilge acu.

Mhéadaigh líon na ndaoine a d'fhreastail ar ranganna Gaeilge ó thús na 1990í go háirithe sna ceantair sin ina raibh Gaelscoil. Glacadh leis an Ghaeloideachas mar chuid aitheanta den chóras oideachais ó thuaidh agus de réir a chéile cuireadh tacaíocht ar fáil i nGaeilge don churaclam Gaelscoile. Laghdaigh naimhdeas an stáit don teanga de réir mar a bhí na Trioblóidí ag síothlú agus in 1998 nuair a glacadh le Comhaontú Aoine an Chéasta tugadh uchtach áirithe do Ghaeilgeoirí an Tuaiscirt nuair a dúradh go neamhbhalbh in Sraith 3 den Chomhaontú: "I gcomhthéacs an bhreithnithe ghníomhaigh atá á dhéanamh faoi láthair maidir leis an Ríocht Aontaithe do shíniú Chairt Chomhairle na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, déanfaidh Rialtas na Breatnaine go háirithe i ndáil leis an Ghaeilge, más cuí agus más mian le daoine amhlaidh gníomh diongbháilte chun an teanga a chur chun cinn." Bunaíodh Foras na Gaeilge in 1999 agus é "freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann" agus shínigh Rialtas na Breataine an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh i Márta 2000. Cuireadh Comhairle na Gaelscolaíochta ar bun in 2000 leis an Ghaeloideachas a spreagadh agus a chur chun cinn agus in 2006 chuir Foras na Gaeilge an comórtas GLEO ar bun leis an Ghaeilge a chur chun cinn i scoileanna Béarla. Chuir an tAire Oideachais, Caitriona Ruane feachtas ar bun leis an dara teanga a fháil ar an churaclam bunscoile agus in 2009 d'fhoilsigh an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúchán agus Measúnachta *Primary Languages* – chuidigh an t-ábhar seo go mór le teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla.

In 2011 thionscain Carál Ní Chuilín, Aire na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta an scéim Líofa leis an Ghaeilge a spreagadh agus i Mí na Nollag 2015 d'fhógair an t-aire céanna na moltaí a bhí sí ag dul a dhéanamh leis an Ghaeilge a chur ar an chrannaíocht chéanna leis an Bhreatnais maidir le cosaint agus tacaíocht ón stat.

Mheasfá go raibh an Ghaeilge ar sheol na braiche ó thuaidh. Tá an Ghaeilge níos bríomhaire, níos feiceálaí, níos forleithne agus níos inghlactha ar bhonn trasphobail ná mar a bhí roimh na 1970í den aois seo caite.

Is iomaí tuar dóchais atá ann ach san am céanna caithfear a admháil gurb iomaí dúshlán atá ann. Tá fás suntasach ar líon na nGaelscoileanna ó thuaidh – tá 86 acu ann ag leibhéil éagsúla. Imríonn Gaelscoil an-tionchar ar an phobal ina bhfuil sí suite.

Os a choinne sin, tá titim shuntasach ar líon na ndaltaí atá ag foghlaim na Gaeilge i scoileanna Béarla agus tá dornán scoileanna dara leibhéal i ndiaidh éirí as an Ghaeilge a thairiscint do dhaltaí sinsearacha. Tá an titim seo ag imirt an-tionchar ar na Coláistí Samhraidh i nGaeltacht Dhún na nGall agus b'éigean do roinnt coláistí cúrsaí a chealú. Tá oifigigh chultúrtha a bhfuil cúram na Gaeilge orthu ag obair i gcuid de na comhairlí áitiúla agus ag cuid de na heagrais áitiúla. Tá an-obair ar siúl acu le feasacht teanga a ardú ach cantar go bhfuil baol ann agus ciorruithe á gcur i bhfeidhm nach mbeidh maoiniú ann do na poist seo.

Ní bhíonn náire ná eagla ná drogall ar dhaoine an Ghaeilge atá acu a úsáid ach is minic a chluintear gur doiligh sin a dhéanamh as siocair nach mbíonn na deiseanna úsáide ann. Siúd is go bhfuil Skainos agus Cultúrlann Uí Chanáin agus Cultúrlann McAdam–Ó Fiaich agus Gaeláras Mhic Ardghail agus Cairde Uí Néill srl. ann agus iad ag déanamh an-obair tá tuilleadh deiseanna/ócáidí úsáide de dhíth leis an ráchairt atá ann a shásamh.

Má táthar dáiríre faoi athréimniú na Gaeilge agus faoin teanga a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin caithfear an maoiniú agus na háiseanna agus na deiseanna úsáide a sholáthar.

Osclaíodh Gaelcholáiste Dhoire i gcaisleán stairiúil Dhún Geimhin ar imeall na Speiríní i Meán Fómhair 2015. Tá mac le duine de bhunaitheoirí Bhunscoil Phobal Feirste ina phríomhoide ar an scoil.

Bhí an-ráchairt ar cheolchoirm a rinne Iarla Ó Lionáird i nDún Uladh ar na mallaibh ar an taobh eile de na Speiríní. Tá an Ghaeilge tagtha abhaile, a deir tú.

Ach nuair a d'fhógair Carál Ní Chuilín go raibh sí ag iarraidh "ar an Fheidhmeannas agus ar an Tionól...Acht na Gaeilge a sholáthar anois", dúirt Jim Allister aontachtóir nach raibh ann ach "a plan to erode the Britishness of Northern Ireland"!!

Plus ca change.

Is iarléachtóir ar Choláiste Ollscoile Mhuire, Béal Feirste, é Mícheál Ó Máirtín

Rose Maud Young

Bhí daoine de gach traidisiún polaitíochta ag plé leis an Ghaeilge ón tús. Cuireann **Diarmaid Ó Doibhlin** síos ar mhná eisceachtúla na hathbheochana

Idtús na haoise seo caite, bhí feadhain bheag de bhantracht Ghlinntí Aontroma a tháinig ar an Ghaeilge agus a chothaigh í. Protastúnaigh a bhí iontu a tháinig uilig nach mór amach as tithe Aontachtaithe – as tithe fíordhílseoirí go minic – ach d'éirigh leo an spás a chruthú agus a aimsiú dóibh féin agus seilbh a ghlacadh ar dhúchas sinseartha na hÉireann, agus ní léir go raibh aon teannadh á dhéanamh ag ceannairí na nAontachtaithe ar an spás sin san am.

Is beag aitheantas atá faighte ag na mná seo agus ní miste a ndílseachtaí, a ndiongbháilteacht agus a neamhspleáchas a chur i láthair an phobail, agus sin a cheiliúradh.

Sa bhliain 1921 d'fhoilsigh Róis Ní Ógáin, nó Rose Maud Young mar ab fhearr aithne uirthi sna blianta sin, téacs an amhráin *An raibh tú ag an gcarraig?* agus chuir sí an nóta inspéise seo leis: "Walsh thought the song a southern one, but could not fix its locality. Dr Joyce heard it sung hundreds of times in Munster which seems to confirm Walsh's opinion. O'Daly says it is the chef d'oeuvre of Doimnic Ó Mongan, a county Tyrone poet and was written early in the 18th century in honour of Eliza Blacker of Carrick, Co. Armagh, afterwards Lady Dunkin of Upper Clogher Court, Bushmills, Co. Antrim, now called Dundarave."

Agus a thuisceanaí a bhí Róis Ní Ógáin agus a achrannaí a bhí dálaí na hÉireann san aimsir sin, is doiligh gan a shamhlú go bhfuil an baneagarthóir anseo ag tabhairt leide gur earraí iad cultúr agus oidhreacht na Gaeilge a d'fhéadfadh pobal na tíre, ón fhile bhocht tuaithe agus go dtí an uasaicme Phrotastúnach, a thabhairt le chéile agus fís choitianta a bheith acu.

Rugadh agus tógadh Róis i dteach mór Galgorm ar sciortaí an Bhaile Mheánaigh. Tá an teach mór sin ina shuí ar eastát 2000 acra a bhfuil Abhainn na Brád ag caismirnigh tríd. Sa lá atá inniu ann tá machaire álainn gailf ann agus galfairí ag triall air ó cheann ceann na tíre.

Ach nuair a bhí Róis ag fás aníos bhí an bhéim ar chúrsaí eile. Fuair sí oiliúint phríobháideach, nó cé nár bhain muintir Young leis an Uasaicme, theastaigh uathu bheith á n-áireamh orthu sin agus ar comhchéim leo sin ar an uile dhóigh, agus go mbeadh glacadh leo ina measc. Bhíodh an mhuintir óg ag teacht le chéile go rialta agus siamsaí agus dinnéir ar leith agus oícheanta caidrimh á n-eagrú sna tithe móra. Agus bhíodh Róis páirteach sna siamsaí agus sna himeachtaí sin.

Bhí dóigh mhaith ar mhuintir Young sna blianta seo agus cion orthu sa cheantar. Bhí sin amhlaidh de thairbhe go raibh seanathair acu a bhí ina dhochtúir ar an Bhaile Mheánach agus chaitheadh sé go fial carthanach le gnáthphobal bocht na dúiche.

Bratach na Breataine ar foluain

Ba Phreispitéirigh dhílse iad muintir Young agus bhí páirt lárnach acu i bhforbairt agus i ndaingniú an Phreispitéireachais ar an Bhaile Mheánach. Bíodh is nár shéan Róis riamh creideamh daingean sin a muintire, bhí de neamhspleáchas inti go ndeachaigh sí ina hóige síos go Gleann Aireamh le go mbeadh páirt aici i mórshiúl crábhaidh in onóir na Maighdine Muire, rud is cinnte a ghoillfeadh ar a muintir in Galgorm ach fios a bheith acu.

Agus nuair a bhí sí ina mac léinn i gColáiste Uladh deir sí linn sa dialann go ndeachaigh sí Domhnach amháin ar an Aifreann i nGort an Choirce. Seans gur thuig sí gur ócáid thábhachtach shóisialta a bhí ann agus go mbeadh an chuid is saibhre de Ghaeilge Thír Chonaill san imeacht taobh amuigh agus taobh istigh de theach an phobail.

Ní thig linn bheith cinnte cén uair nó cén dóigh ar tháinig sí ar an Ghaeilge ach bhí Gaeltacht go fóill i nGlinntí Aontroma i mblianta tosaigh an fichiú haois agus thig linn bheith cinnte de go raibh cainteoirí dúchais Gaeilge ar an bhuíon mhór searbhóntaí a bhí ar fostú i dteach mór sin Galgorm.

Bhí sruth na Gaeilge sna Glinntí ag éirí tanaí agus líon na gcainteoirí ag dul síos go seasta agus an teanga ag imeacht chun na n-imeall agus an dearmaid, ach bhí spiorad fágtha i gcónaí agus rinneadh céad-Fheis na nGleann a thionól in 1903 (tá an Fheis beo go dtí an lá inniu). Is é an bunsmaoineamh a bhí taobh thiar den Fheis ceiliúradh a dhéanamh ar bhuanna ghnáthphobal na nGlinntí, agus sin a léiriú agus a fhógairt.

Bhí béim ar an tionscal agus ar na healaíona, ar an scéalaíocht agus ar an amhránaíocht, ar an iomáint, ar ndóigh, agus ar an rince. Tá Rose Maud Young luaite ar liosta na síntiúsóirí sin a sholáthraigh airgead le duaiseanna a bhronnadh ar bhuaiteoirí. Agus deir sí go raibh sí i láthair ag céad-Fheis sin na nGleann agus gurbh é a deartháir Willie a bhí ina cuideachta.

Ar chúis éigin, lig muid Willie Young uainn, nó níos cruinne, b'fhéidir, d'imigh sé bealach eile. Ní shamhlaím go mbeadh aon cheo in éadan na feise aige ná in éadan chomhar seo an phobail. Ach níor imigh Rose agus d'fhan sí dílis do chuspóirí na feise go deireadh a saoil agus bhíodh sí ag feidhmiú ar choiste na feise agus go rialta ina moltóir ar na comórtais liteartha.

Chrom sí ar an teanga a fhoghlaim i gceart agus bhí an t-ádh uirthi sna hoidí a tharla aici. Bhí an Dr Reeves a bhí ina churáideach de chuid Eaglais na hÉireann ar an Bhaile Mheánach agus bhí sé an-mhór le John Young, athair Róise, agus ba é, is dóigh liom, a sheol Róis i dtreo litríocht na Gaeilge.

Chuaigh sí ansin a fhreastal ar Choláiste Chomhghaill ar Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste. Ba é Seán Ó Catháin ó Bhaile Mhistéala i gContae Chorcaí a bhí i mbun teagaisc. Státseirbhíseach a bhí ann, oifigeach custaim agus máil, agus ba shármhúinteoir é agus an cháil sin air i measc lucht na Gaeilge san am. Fear gramadaí a bhí ann go bunúsach ach bhaineadh sé, is léir, feidhm as litríocht shaibhir Ghaeilge na Mumhan ina chuid ceachtanna. Bhí Róis dírithe agus tiomanta: "I began," a deir an dialann, "going to Belfast for Irish lessons to Seán Ó Catháin's class. I went every Saturday till Xmas, missing only two."

Léirsiú aontachtúil in aghaidh Rialtas Dúchais sa bhliain 1912. Tá Edward Carson i lár na bhfear.
Grianghraf: Getty

Ach ar 10ú lá de mhí na Nollag 1910 bhí dinnéar mór in Galgorm: "Ballymena Unionist meeting. Colonel Rowan came for the night to go to it. Captain O'Neill and Lady O'Neill came to early dinner. I went with the whole party to the meeting." Deich lá ina dhiaidh sin sa dialann: "I went to Belfast to the Irish College."

Bhíodh sí go minic i mBéal Feirste ag triall ar dhrámaí Gaeilge i Halla Mhuire agus chaitheadh sí an oíche le Margaret Hutton, a d'aistrigh an Táin go Béarla agus a bhí ina cara buan ag Pádraig Mac Piarais.

Chomh maith leis sin bhíodh sí suas síos chuig an Oireachtas ar bhonn rialta agus théadh sí chuig na drámaí agus chuig na comórtais amhránaíochta agus scéalaíochta. Ba bhealach é an tOireachtas leis an spiorad agus an misneach a athnuachan agus luann sí go mbíodh lón aici le Dubhghlas de hÍde, le T. F. O'Rahilly agus le scoláirí agus scríbhneoirí eile na Gaeilge san am. Bhí meas go háirithe ar an saothar a bhí i gcrích aici le *Duanaire Gaeilge a haon* (1921) *Duanaire Gaeilge a dó* (1924) agus *Duanaire Gaeilge a trí* (1930). Níor lig Róis d'imeachtaí corracha i ngort na polaitíochta agus an t-aisiompú uilig a bhí in Éirinn na haimsire sin, níor lig sí do na himeachtaí sin aon mhearú a chur uirthi ná briseadh ar a diongbháilteacht.

Bhí sí in Galgorm an oíche ar tugadh na gunnaí i dtír ón SS Clyde Valley. Bhí a hathair, John Young, a bhí ina leas-sirriam i gContae Aontroma agus a raibh clú na measarthachta air, bhí sé an-bhuartha faoin eachtra uilig agus ní raibh sé ríshásta na gunnaí a bheith á gcoinneáil sna tithe sin ar chúl an tí mhóir. Nó bhí sárú uafásach dlí san eachtra uilig, dar leis.

Ach chuaigh an bheirt mhac, Willie agus George, a áitiú ar an athair go tréan agus sa deireadh ghéill sé, agus cuireadh na gunnaí i bhfolach sna tithe ar chúl an tí.

Léiríonn *Duanairí* a dó agus a trí go raibh Róis ag tochailt léi i gcónaí, ag cuartú agus ag dul níos doimhne isteach ar an traidisiún nuair a bhí sé ina neart. Ach ar bhealach is é *Duanaire Gaeilge a haon* is áille orthu uilig agus is ann atá amhráin na ndaoine. Dáiríre níor sáraíodh é mar théacsleabhar gur tháinig *Nua-Dhuanairí* Uí Bhuachalla agus Uí Choncheanainn ón Institiúid Ardléinn sna seascaidí.

Glacann Róis le stair na hÉireann mar a bhí agus suíonn sí na hamhráin ina gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha agus léiríonn sí arís agus arís eile an áilleacht mhór agus an t-aoibhneas mór a bhí iontu.

Ba í an cara agus an comhghleacaí ba dhlúithe a bhí ag Róis ná Margaret Dobbs. Ball d'Eaglais na hÉireann a bhí inti sin agus ba í thar dhuine ar bith eile a choinnigh an misneach beo iontu agus a thiomáin ar aghaidh iad. Aodh Ó Flaitile ó Chontae Mhaigh Eo, múinteoir taistil de chuid na haimsire sin, a theagasc an Ghaeilge di, agus i bpáirt le Ruairí Mac Easmainn agus daoine eile, bhí beart an cheannaire á chaitheamh aici i bhforás Choláiste Uladh i nGort an Choirce. Ba í cisteoir an Choláiste í agus ba í, is dóigh liom, a d'fhéach chuige go raibh léachtóirí den scoth fostaithe do na cúrsaí éagsúla agus go raibh struchtúr agus treo ar na himeachtaí uilig. Ball de Chumann na mBan a bhí inti agus poblachtánach dílis, bíodh is go raibh deartháir dá cuid ar an bhuíon sin fear a thóg agus a thug cuid den den armlann agus den armlón ón Clyde Valley abhaile chuig Portnaglon - an áit chónaí a bhí ag muintir Dobbs i mBun Abhann Dalla.

Ba chara dlúth le Mairéad Dobbs í Íde Ní Néill, an t-oidhre ar thiarnacht Uí Néill Ghleann Duinne. Bhí sí ag foghlaim agus ag cleachtadh na Gaeilge agus ag triall ar Ghaeltacht Thír Chonaill roimh thús na haoise seo caite. Ba í an chéad duine í ón taobh amuigh a chuaigh go Tír Chonaill ar thóir na Gaeilge agus bhíodh cailín aimsire i gcónaí aici ó Ghaeltacht Thír Chonaill. Bhí sí sáite in obair Choláiste Uladh agus ba í a sheol Séamus Ó Grianna ar bhealach na litríochta. Poblachtánach amach is amach a bhí inti, í doirte do Ruairí Mac Easmainn.

Tchímse na mná seo ina suí le chéile sa gharraí bheag álainn taobh le teach mór sin Galgorm. Tá siad i ndiaidh teacht le chéile "to read Irish", i.e. le staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge. Nó tchímse Róis Ní Ógáin ag siúl an bhealaigh ó Galgorm agus an uair a bhaineann sí Bun Abhann Dalla amach sin uainn í i dtreo theach na mbocht mar a bhfuil Biddy MacVeagh ar lóistín.

Tá a fhios ag Róis gurb í Biddy iompróir an traidisiúin, agus go bhfuil seoda uaisle ina seilbh i ngan fhios don saol agus samhlaím an gliondar agus an t-ardú meanman a thugann an bhean uasal álainn seo don tseanbhean bhocht.

Is iarléachtóir ollscoile é Diarmaid Ó Doibhlin

Tar éis na Réabhlóide

Bhí réabhlóid ann in Éirinn. Deir **Cormac Ó Comhraí** gur fhág an choimhlint sin cneácha ar dhaoine nár chneasaigh ar chor ar bith

Ní raibh aon ghaol gairid de mo chuidse páirteach in Éirí Amach na Cásca. Gasúir a bhí i mo chuid seantuismitheoirí nuair a tharla an tÉirí Amach. Mar sin féin mhair béaloideas clainne faoi. Ba é an chéad chuimhne a bhí ag athair mo mháthar ná rith suas anuas os comhair an tí le bratach bheag ag fógairt "Up the Rebels!" Bhí uncail Dheaid ina oifigeach sna hÓglaigh i gContae an Chláir agus bhíodar chomh gann sin ar ghunnaí go raibh pící acu sa teach cé nár baineadh úsáid as gunna ná píce sa cheantar i rith na seachtaine. Tar éis an Éirí Amach diúltaíodh cead do Dheaideo dul chuig coláiste Gaeilge. Bhí faitíos ar a athair siúd go mbeadh an chlann luaite leis an míleatachas dá dtaobhódh aon duine díobh Coláiste Gaeilge. Cainteoir dúchais Gaeilge a bhí i mo shin-seanathair ach shamhlaigh sé, mar a shamhlaigh go leor eile, an teanga leis an mbochtanas agus an teip. "Do you want to end up like the pennyman?" a dúirt sé i rith na hargóna, arbh é an deireadh a bhí léi ná mo sheanathair ag mionnú nach labhródh sé Gaeilge go deo arís agus níor labhair go dtí a sheanaois nuair a bhí garpháistí ag Gaeilgeoireacht timpeall air.

Dá mbeifeá ag iarraidh seanfhondúir de chuid Éirí Amach na Cásca a mhíniú go simplí, labhrófá faoin bhfear (agus is é an claonadh atá ann ná díriú ar na fir) a bhí sna hÓglaigh (agus is é an claonadh atá ann ná díriú ar na hÓglaigh). Throid sé, rinne sé príosún agus bhí sé gníomhach i rith Chogadh na Saoirse. Chuaigh sé ar thaobh amháin nó ar an taobh eile sa Chogadh Cathartha. D'fhan sé leis an taobh sin agus rinne sé go maith as an Saorstát nua a bunaíodh in 1922. Fuair sé obair, stádas, pinsean as an Éirí Amach. D'fhreastail sé ar ócáidí comórtha, bhí sé bródúil as an méid a tharla sa Réabhlóid, bhí sé toilteanach labhairt faoi go poiblí. B'fhéidir fiú gur scríobh sé cuntas ar an mbaint a bhí aige féin leis an réabhlóid. D'aontaigh sé go bunúsach leis an leagan amach a bhí ar an stát nua agus é coimeádach, Gaelach, amhrasach faoin treo a raibh an domhan mór ag dul, sásta bheith faoi thionchar na hEaglaise Caitlicí. Mhíneofá gurbh iad seanfhondúirí Éirí Amach na Cásca ceannasaíocht na tíre idir na 1920í agus na 1960í.

I measc na dTaoiseach, na nUachtarán agus na nAirí a bhí "amuigh" an tseachtain sin bhí leithéidí Éamon de Valera, Mícheál Ó Coileáin, Liam T. Mac Cosgair, Seán Lemass, Seán T. Ó Ceallaigh, Dick Mulcahy, Desmond Fitzgerald, Seán McEntee. Bhí Teachtaí Dála cosúil le Frank Fahy, Stephen Jordan agus Éamon Corbett i nGaillimh, Tom Hunter i gCorcaigh, Gearóid O'Sullivan i mBaile Átha Cliath, Eamonn Duggan i gCo. Na Mí "amuigh" freisin. Bhí sliocht agus gaolta na reibiliúnach ar an taobh istigh. Bhí beirt deartháireacha le Thomas Kent a cuireadh chun báis ina dTeachtaí Dála agus máthair agus deirfiúr Phádraig Mhic Phiarais freisin. Mic le seanfhondúirí a bhí sna Taoisigh Liam Cosgrave agus Garret Fitzgerald.

Taobh leis sin ar fad rinne an Saorstát iarracht ceangal isteach le Seachtain na Cásca seachas le Conradh conspóideach 1921. Féach an córas traenach agus na stáisiúin atá ainmnithe ina ndiaidh siúd a cuireadh chun báis tar éis an Éirí Amach.

Dearbhú a bhí sa mhéid sin ar an meas a bhí ar cheannairí an Éirí Amach, nó mar a chuir Dustin the Turkey in amhrán é uair amháin: "Pearse, Connolly, Howth Junction, they were like brothers to me!"

Bhí seanfhondúirí luaite in áiteanna eile freisin, beairicí airm na tíre, mar shampla. Ainmníodh beairicí i ndiaidh daoine cosúil le Dick McKee agus Peadar Clancy, a throid san Éirí Amach agus a maraíodh i rith Chogadh na Saoirse agus, aisteach go leor, tá Dún Uí Mhaoilíosa i nGaillimh ainmnithe i ndiaidh laoch áitiúil de chuid Éirí Amach na Cásca in ainneoin gurbh iad comhghleacaithe áitritheoirí an Dúin a chuir chun báis é sa Chogadh Cathartha.

Theip ar an stát a bunaíodh in 1922 go leor poblachtánach a shásamh. An ceangal a mhair leis an Impireacht agus críochdheighilt na tíre ba chúis leis sin. D'fhág na mílte poblachtánach sna 1920í. D'fhulaing roinnt eile san atmaisféar nimhneach a lean an Cogadh Cathartha. Bhí baint leanúnach ag Thomas "Baby" Duggan, as an gCaisleán Gearr i nGaillimh, le gluaiseacht na poblachta roimh an Éirí Amach agus go dtí gar do dheireadh an Chogaidh Chathartha. Rinne a dheirfiúr cur síos ar na maslaí a caitheadh lena mhuintir tar éis bás "Baby" in 1925: "They were shouting at us. That's what ye got from Dev now. They were saying Thomas was doing nothing but robbing banks. You know yourself that was a lie. When he died he had not sixpence in his possession. And all those that used to run from the Black and Tans and hide has new houses and pensions and we got nothing."

Cé go raibh fuath sa phobal mar gheall ar an méid a tharla in 1922-23, d'fhéach go leor daoine siar le meas orthu siúd a sheas leo sa bhearna bhaoil fiú nuair a bhí siad ar an taobh eile sa Chogadh Cathartha. Dúirt Gerald Bartley agus Petie McDonnell (nár gabhadh Seachtain na Cásca) faoi Phádraic Ó Máille (a gabhadh): "Even though he parted from us in '22 we never had any hard feelings towards him because he was a good man."

> "'Ní bheidh aon duine sásta labhairt leat faoi sin, bhí náire ar na seanfhondúirí agus a ngaolta uilig faoin méid a tharla ó bunaíodh an Stát.'

Bhí roinnt de na seanfhondúirí a dhiúltaigh d'údarás an stáit nua. Sampla amháin ná Seán Russell, a bhásaigh in 1940 ar fhomhuireán Gearmánach agus é ag súil go dtabharfadh na Gearmánaigh cúnamh don IRA an tír a aontú. Duine eile a d'fhan leis an IRA ná Patrick McGrath, a loiteadh san Éirí Amach. Is piléar Éireannach a mharaigh é sa Dara Cogadh Domhanda nuair a chuir rialtas de Valera chun báis é. Ina measc bhí roinnt de ghaolta na ndaoine a cuireadh chun báis in 1916. Bhí deartháireacha Joseph Mary Plunkett, George agus Jack, gníomhach i ngluaiseacht na poblachta ar feadh na mblianta tar éis 1922. Ar an lámh eile bhí daoine a throid san Éirí Amach ach a shaothraigh gráin mar gheall ar chomh géar agus a bhí siad ar na poblachtánaigh ó na 1920idí ar aghaidh. Duine díobh seo ba ea Aire Dlí agus Cirt Fhianna Fáil i rith an Dara Cogadh Domhanda, Gerry Boland. Fear eile ná an bleachtaire Dinny O'Brien a mharaigh an tIRA mar chuid de choimhlint ghangaideach idir an tIRA agus na Gardaí i rith an Dara Cogadh Domhanda. Níorbh é an Brianach amháin a thóg bóthar a bhí dothuigthe ag poblachtánaigh. Tar éis páirt a ghlacadh san Éirí Amach liostáil Tim Finn sna Irish Guards, reisimint de chuid Arm na Breataine. Maraíodh é sa Fhrainc i mí Lúnasa 1918. Fear eile a chuaigh an bealach céanna ba ea Michael McCabe a bhí sna Royal West African Frontier Force (Arm na Breataine) nuair a sheol sé iarratas pinsin isteach dá sheirbhís leis na hÓglaigh.

Bhí inspioráidí eile ag Éirí Amach na Cásca seachas an poblachtánachas nó an náisiúnachas amháin. I measc na ndaoine a chuaigh amach maidin Luan Cásca bhí sóisialaithe, lucht athbheochana na Gaeilge, agóidithe talún, feiminigh, Caitlicigh choimeádacha agus mar sin de. Rinneadh

Uachtarán Dháil Éireann, Éamon de Valera, i Los Angeles, mí na Nollag, 1919.
Grianghraf: Hulton Archive

iarracht roinnt de na gearáin a bhí ag na grúpaí seo a réiteach sna 1920idí agus sna 1930í ach, mar a bhí fíor faoi chás na Poblachta agus an Tuaiscirt, bhí éagsúlacht tuairimí ann faoi cé chomh maith agus a réitigh an pholaitíocht a gcuid gearán. Má shásaigh athdháileadh talún na 1920í daoine, bhí daoine eile den tuairim go raibh níos mó ag teastáil. Bhí dlúthbhaint ag Tom Kenny, an poblachtánach Gaillimheach, le Saor Éire, eagraíocht phoblachtánach radacach ar an eite chlé sna 1930í. Bhí Helena Molony, seanfhondúir de chuid an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath, cáinteach ar an stát mar gheall ar an ról tánaisteach a tugadh do mhná.

Ansin bhí daoine eile a dhírigh go hiomlán nó cuid mhór ar imeachtaí eile. I gcás Mhíchíl Uí Dhroighneáin, a gabhadh seachtain na Cásca i gcathair na Gaillimhe, d'éirigh sé gníomhach sa rásaíocht chon.

Tom Kenny, an seanphoblachtánach, a bhí ina chathaoirleach ar Bhord Contae na Gaillimhe nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann in 1923. Ba é Stephen Jordan, seanfhondúir as Gaillimh, an chéad réiteoir a bhí ag cluiche ceannais camógaíochta na hÉireann. Bhí daoine a rinne i bhfad níos mó ina saol ná dul amach an tseachtain sin.

Bhunaigh Kathleen Lynn ospidéal Naomh Ultán i mBaile Átha Cliath le cóir leighis a chur ar pháistí ar bhealach tuisceanach nua-aimseartha. Bhí Leslie Bean de Barra ina cathaoirleach ar Chumann na Croise Deirge in Éirinn agus ina hUachtarán ar Gorta chomh maith le bheith gníomhach i gcúrsaí tionsclaíochta agus sláinte. Rinne Earnán de Blaghd cion fir ar son na Gaeilge ag tacú le bunú na Taibhdheirce, bunú Choláiste Mhuire, bunú an Ghúim agus mar sin de. Scríobh Piaras Béaslaí ar chúrsaí staire agus cúrsaí litríochta agus bhí tábhacht ag baint lena shaothar Gaeilge. Ní raibh gach Gaeilgeoir dírithe ar an gcultúr. Bhí Séamus Fitzgerald i gCorcaigh ina fhear gnó aitheanta agus é ar bhoird Aer Rianta agus Aer Lingus. Bhunaigh sé coláistí Gaeilge. Ní raibh chuile phoblachtánach chomh dúthrachach leo ó thaobh na Gaeilge de, áfach, agus bhí sé ina ábhar gearáin i bPríosún Lewes in 1917 a laghad spéise sa Ghaeilge a bhí ag roinnt de na daoine a bhí faoi ghlas mar gheall ar a mbaint leis an Éirí Amach.

Bhí roinnt de na seanfhondúirí nár phós riamh. Iad siúd a phós is poblachtánaigh eile a phós siad go minic. I mBaile Átha Cliath, mar shampla, phós Nicholas Laffan deirfiúr le duine dá chuid comrádaithe as Complacht "G", an Chéad Chath. Bhí gasúir ag teaghlaigh den chineál sin ach ba mhinic nár labhraíodh faoin tréimhse ar aon bhealach leo, mar a mhínigh mac le seanfhondúir amháin dom féin: "He never talked about it to us at all." Is cuid nádúrtha den saol iarchogaíochta é sin. Coinníonn tuismitheoirí rúin óna gcuid gasúr. Coinníonn saighdiúirí eolas siar ó dhaoine nach raibh ina saighdiúirí. Dealraíonn sé freisin go raibh go leor acu nár bhain seanaois amach le rudaí tromchúiseacha a phlé lena ngasúir cé nach bhfuil aon staidéar déanta agamsa ar na poblachtánaigh agus an aois a bhí acu nuair a d'éag siad. Fuair an Chuntaois Markievicz bás in 1927 (59 bliain d'aois), Austin Stack in 1929 (49 bliain d'aois), agus Tom Hunter in 1932 (46 bliain d'aois).

Ba é a rinne roinnt acu sa deireadh ná dul ar imirce agus cuireadh neart iarratais pinsin isteach as an mBreatain, as Meiriceá agus as an Astráil, mar shampla. Ní raibh gach duine acu chomh ámharach le Arthur Shields, an t-aisteoir Protastúnach as Amharclann na Mainistreach agus Hollywood.

Bhí roinnt de na seanfhondúirí ar an ngannchuid i ndeireadh a saoil. Bhuail an galar dubh roinnt acu. I mo chuid taighde féin san iarthar tháinig mé ar thriúr sean-fhondúirí ó Aimsir na Réabhlóide a mheastar a chuir lámh ina mbás féin.

Caithfidh gur fhulaing gasúir, mná céile agus fir chéile go hindíreach mar gheall ar an Éirí Amach ar feadh na mblianta.

Cén chaoi ar mhothaigh siad mar sin faoin rud ar fad? Sa bhliain 2013 d'fhoilsigh Mercier Press dhá leabhar a raibh baint agamsa leo, .i. *The Men Will Talk to Me: Galway Interviews* by Ernie O'Malley agus *Revolution in Connacht: A Photographic History*. Chuir an obair ar na leabhair sin ar bhóthar an-taitneamhach mé. Lean sé ar aghaidh agus mé i mbun taighde don leabhar *Gaillimh 1913-23* (Cló Iar-Chonnacht). Mar chuid den taighde b'éigean dom glaoch ar strainséirí bunaithe ar an sloinne agus an seoladh. Chuirinn glaoch: "Heileo. Is mise Cormac Ó Comhraí. Is staraí mé. An bhfuil seans ar bith go bhfuil sibhse gaolta le X a rinne príosún mar gheall ar an mbaint a bhí aige le hÉirí Amach na Cásca nó leis an IRA sna 1920í?" Bhíodh tost ann i gcónaí, an créatúr bocht ar an líne ar a dhícheall ag iarraidh an suíomh a chíoradh ina chloigeann. Ansin thiocfadh freagra: "Tá" agus thosódh an comhrá. Ní raibh aon duine riamh nach raibh sásta labhairt liom cé go ndúirt fear postúil mórchúiseach liom uair amháin sular thosaigh mé ar an obair: "Ní bheidh aon duine sásta labhairt leat faoi sin, bhí náire ar na seanfhondúirí agus a ngaolta uilig faoin méid a tharla ó bunaíodh an Stát."

Ní raibh sé sin amhlaidh. Tá an-tóir ar an stair sa tír seo i gcónaí.

Is staraí é Cormac Ó Comhraí

Poblacht na nOibrithe

Bhí an lucht oibre ag iarraidh poblacht dá gcuid féin. Creideann **Des Geraghty** nár bunaíodh an phoblacht sin – fós

Le breis is céad bliain tá tionchar na gceardchumann agus ghluaiseacht na n-oibrithe i gcoitinne le feiceáil go soiléir ar shaol eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann. Ní féidir a shéanadh go raibh Séamus Ó Conghaile, ceannaire an ITGWU agus an Airm Chathartha, lárnach in Éirí Amach na Cásca, rud nár múineadh go coitianta sna scoileanna ar feadh leathchéad bliain i ndiaidh a bháis. Chomh maith leis sin lean Séamus Ó Lorcáin air mar cheardchumannaí, mar pholaiteoir agus mar urlabhraí gníomhach i saol sóisialta na tíre go dtí lá a bháis in 1947.

Is féidir a rá gur éirigh go réasúnta maith leis na ceardchumainn in Éirinn feabhas a chur ar chaighdeán beatha na mball agus cuidiú go mór le haicme na n-oibrithe a chosaint i gcúrsaí sóisialta agus cearta oibre. I dtosach, bhí sé sin ag brath go hiomlán ar ghníomhaíocht thionsclaíoch, ach le blianta beaga anuas is trí reachtanna agus trí chomhthuiscint náisiúnta a rinneadar é.

Ghlac na ceardchumainn páirt mhór freisin i gCogadh na Saoirse, ach níor éirigh le gluaiseacht na n-oibrithe ó shin aisling gheal Uí Chonghaile, 'Poblacht na nOibrithe', a chruthú sa tír seo.

Nuair a ghlac Séamus Ó Conghaile, ceannaire an ITGWU, bóthar na réabhlóide leis an Arm Cathartha Luan Cásca 1916 bhí saoirse na tíre mar phríomhaidhm aige, ach ba í Poblacht na nOibrithe an ceann scríbe a bhí ar intinn aige i gcónaí.Thuig sé go rímhaith nach raibh na ceannairí uilig ar aon intinn leis faoi sin, ach chreid sé go mbeadh an troid ar son neamhspleáchas na tíre mar chéim thábhachtach chun cinn ar an mbóthar sin.

Ní hiontas, mar sin, gur mhol sé do lucht an Airm Chathartha greim a choinneáil ar a gcuid arm dá n-éireodh leo teacht i dtreis sa gcomhrac a bhí rompu. Beag an baol go n-éireodh, ar ndóigh, ach bhí i bhfad níos mó ná an troid in aghaidh leatrom Impireacht na Breataine ar intinn an Chonghailigh i rith a shaoil agus le linn na seachtaine cinniúnaí úd.

Ba bheag duine de cheannairí clúiteacha Shinn Féin a bhí fabhrach don fhealsúnacht réabhlóideach a bhí ag Ó Conghaile nó ag Séamus Ó Lorcáin ach an oiread. Le linn Fhrithdhúnadh 1913 labhair Art Ó Gríofa amach go fealltach in aghaidh Uí Lorcáin agus an ITGWU agus ba mhinic é ag taobhú leis na fostóirí le linn stailceanna eile, sa bhliain 1913 go háirithe agus roimhe sin le linn fhrithdhúnadh 1911 i Loch Garman. Ach os a choinne sin, bhí Pádraig Mac Piarais agus roinnt de réabhlóidithe an IRB i bhfad níos gaire do sheasamh Uí Chonghaile nuair a shocraíodar ar Éirí Amach na Cásca 1916.

Tá dearcadh sóisialach Uí Chonghaile le feiceáil go soiléir ar Fhorógra na Cásca.

Tá rian ghluaiseacht na n-oibrithe le feiceáil arís ar Chlár Daonlathach na Chéad Dála i 1919. Ba iad Tom Johnson (ceannaire an Lucht Oibre), William O'Brien agus Cathal O'Shannon a scríobh go leor den bhundréacht, sula ndearna Seán T. Ó Ceallaigh eagarthóireacht air thar ceann Shinn Féin. Bhí dearcadh sóisialta Phádraig Mhic Phiarais léirithe chomh maith sa ráiteas.

Ach is beag den chlár sin a cuireadh i bhfeidhm nuair a d'éirigh linn roinnt bheag neamhspleáchais a bhaint amach sa tír. Mar a tharlaíonn go minic i stair an domhain, is iad na daoine is cúramaí agus is coimeádaí a thagann slán i ndiaidh na réabhlóide. Is amhlaidh a tharla in Éirinn i ndiaidh an Chogaidh Chathartha agus bhunú an tSaorstáit.

Bhí gluaiseacht na n-oibrithe agus baill na gceardchumann lagbhríoch briste cuid mhaith tar éis léirscrios 1916 agus iad ar mhalairt tuairimí nó neodrach faoi rannpháirtíocht Uí Chonghaile san Éirí Amach. Ina dhiaidh sin, áfach, ghlac na baill páirt mhór ghníomhach i gCogadh na Saoirse agus tháinig borradh agus fás suntasach faoin ITGWU le linn na tréimhse sin. Mhéadaigh an bhallraíocht ó níos lú ná 5,000 in 1916 go dtí breis agus 100,000 i dtús na 1920í.

Ní féidir a rá, áfach, go raibh tuiscint iomlán ag formhór na mball ar fhealsúnacht shóisialach na gceardchumann agus Uí Chonghaile ag an am. I dtoghchán na bliana 1919 ghlac Páirtí an Lucht Oibre, a bhí dlúthbhainteach leis an ITUC (Comhdháil na gCeardchumann) cinneadh fanacht ar leataobh i dtoghchán na Dála. Cinneadh ba ea é a raibh toradh tubaisteach air i bhfad na haimsire dóibh.

Bhí an Tuaisceart tábhachtach i gcónaí do ghluaiseacht na n-oibrithe i ngeall ar líon na gceardchumannaithe atá ann. Dá bhrí sin bhí tionchar ollmhór ag Conradh Angla-Éireannach 1921 agus ag an gCogadh Cathartha ar ghluaiseacht na n-oibrithe, tionchar tionsclaíoch agus polaitiúil araon. Ó 1917 ar aghaidh bhí scaradh, de shaghas, idir an eagraíocht pholaitiúil agus na ceardchumainn éagsúla, ach bhí dlúthbhaint fós idir Comhdháil na gCeardchumann (an ITUC) agus Páirtí an Lucht Oibre faoi cheannas Tom Johnson. Go luath sna fichidí bhí thart ar chéad is dhá scór ceardchumann éagsúil ann, a bhformhór an-bheag. Bhíodar lonnaithe thuaidh agus theas, in Éirinn agus sa Bhreatain.

Ag an am sin bhí ceardchumainn nua ag teacht ar an saol in Éirinn, ach lean na seaneagraíochtaí Briotanacha ag feidhmiú anseo i gcónaí. I ngeall ar an meascán leathan sin rinne ceannairí an ITUC tréaniarracht fanacht neodrach, go hoifigiúil, i dtaobh roinnt de na conspóidí achrannacha náisiúnta. Rinne Tom Johnson go háirithe tréaniarracht aontas tionsclaíoch na gceardchumann a chosaint.

> "An féidir linne, muintir na hÉireann, córas a chruthú atá níos gaire do Phoblacht na nOibrithe?

Ach theip air, den chuid is mó.

Agus é thall i Meiriceá bhí Séamus Ó Lorcáin go hoscailte in aghaidh Chonradh 1921. Bhí ceannasaíocht an ITGWU ina aghaidh fresin, ach ghlac siad seasamh poiblí faoi a bhí an-chúramach. Bhí an dornán beag den Arm Cathartha a bhí fágtha, sóisialaithe ar nós Liam Uí Fhlaithearta agus Roddy Connolly agus go leor eile, go mór ina aghaidh.

Rinne Aodh De Blacam agus Liam Ó Maoilíosa treaniarracht ag an am gluaiseacht na n-oibrithe a ghríosú chun seasamh a ghlacadh in aghaidh an Chonartha, ach chosain Tom Johnson agus Cathal O'Shannon agus ceannairí eile de chuid an Lucht Oibre an stádas neodrach a mholadar.

In ainneoin na bhfadhbanna sin toghadh seacht nduine dhéag den Lucht Oibre mar Theachtaí Dála i dtoghchán 1922, toradh a d'fhág iad mar phríomhfhreasúra sa Dáil sin. An deighilt a chothaigh an Teorainn a leagadh síos i gConradh 1921, thuigeadar nach ndearna sí leas ghluaiseacht na n-oibrithe. Theastaigh uathu aontas éigin a choinneáil idir na ceardchumannaithe eagraithe thuaidh agus theas.

Ach ní go rómhaith a d'éirigh leo an scoilt mhór pholaitiúil a sheachaint. Theip orthu freisin mar idirghabhálaithe neodracha idir lucht tacaíochta an tSaorstáit agus na Poblachtánaigh sular thosaigh troid nimhiúil an Chogaidh Chathartha.

Rud ba thubaistí fós ná an t-easaontas a phléasc san ITGWU, ar a theacht abhaile do Shéamus Ó Lorcáin in 1923. Thosaigh achrann fíochmhar idir Ó Lorcáin agus ceannairí eile an ITGWU, go háirithe William O'Brien. Lean toradh an achrainn mhilltigh sin ó 1923 go dtí 1959 cinnte, agus ar feadh tamaill mhaith ina dhiaidh sin. Bhunaigh comhghleacaithe Uí Lorcáin ceardchumann nua, an WUI, in 1924 nuair a d'fhágadar an ITGWU, agus cuireadh tús le scoilt nár réitíodh ina hiomláine go dtí gur athaontaíodh an dá cheardchumann in 1990.



Dealbh James Larkin ar Shráid Uí Chonaill. Grianghraf: Frank Miller

Ag breathnú siar air anois, tá sé éasca a cheapadh gur easaontas idir Ó Lorcáin, an réabhlóidí, agus, O'Brien, an leasaitheoir, a bhí ann, ach nuair nach raibh aon réabhlóid le tarlú, bhí ar an mbeirt acu gníomhú mar leasaitheoirí taobh istigh de chóras caipitleach. Ón uair a bunaíodh an stát nua bhí sé soiléir dóibh go mbeadh sé fíordheacair pá agus coinníollacha oibre na n-oibrithe a chosaint, fiú. Ba mhinic a bhíodh ar oibrithe dul ar stailc le bunphá nó cearta bunúsacha a bhaint amach.

Mar thoradh ar an achrann inmheánach sin bhí dhá chomhdháil ag feidhmiú, an ITUC (Irish Trade Union Congress) agus an CIU (Congress of Irish Unions).

Tar éis imeacht don bheirt cheannairí chonspóideacha, Ó Lorcáin agus O'Brien, tháinig feabhas ar an scéal nuair a bunaíodh Comhdháil na gCeardchumann, ICTU, sa bhliain 1959. Bhí formhór na gceardchumann, thuaidh agus theas, páirteach in aon ghluaiseacht aontaithe amháin i ngeall ar dhea-obair Shéamuis Óig Uí Lorcáin agus John Conroy.

Ní mór dúinn a admháil, in ainneoin an achrainn fhadálaigh idir é féin agus William O'Brien, nár chaill Séamus Mór Ó Lorcáin an stádas speisialta a bhí aige i measc oibrithe na hÉireann. Nuair a fuair sé bás in 1947 tháinig na céadta míle acu amach ar shráideanna Bhaile Átha Cliath lá na sochraide, lá fuar feanntach geimhridh. Bhí Breandán Ó Beacháin ina measc, agus scríobh sé na línte lán mothúchán seo a leanas:

Ba mise é, ba gach mac máthair againne é
Sinn féin, láidir mar ab áil linn a bheith,
Mar ab eol dúinn a bheith.
Eisean ag bagairt troda is ag bronnadh fuascailte,
Is sinne ag leanúint a chónra trí chlab bhéal na cathrach
I mbéice móra feirge...

D'éirigh William O'Brien as ceannaireacht an ITGWU in 1946. Mhair sé go dtí 1968. Ba dhuine fíorábalta éirimiúil é; deisceabal Shéamuis Uí Chonghaile ba ea é tráth. D'éirigh thar cionn leis mar eagraí ceardchumainn ach, ar deireadh thiar thall, bhí sé ró-uaibhreach, cúngaigeanta nuair a bhí tuiscint, mórchroí agus fadradharc ag teastáil.

Ó bunaíodh an Chúirt Oibreachais in 1946 tá bealach níos éifeachtaí ag na ceardchumainn le díospóidí a shocrú le fostóirí, roimh nó tar éis stailce, agus le coinníollacha oibre a fheabhsú trí idirbheartaíocht dhíreach le cabhair ón gCúirt. In imeacht na mblianta ritheadh roinnt mhaith dlíthe a neartaigh cearta na n-oibrithe ach is ón gComhphobal Eorpach, ó 1973 ar aghaidh, a tháinig na leasuithe ba mhó i dtaca le cearta agus caidrimh thionsclaíocha. Chomh maith leis sin, bhain tábhacht leis an idirbheartaíocht náisiúnta.

Mar thoradh ar an gcóras sin tháinig socruithe agus comhthuiscintí náisiúnta a chuir an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta go mór chun cinn le linn ré an 'Tíogair Cheiltigh'. An ghéarchéim thubaisteach eacnamaíochta a thosaigh in 2008/9 de bharr ghníomhartha aicme shantach áirithe, rinne sí praiseach den dea-obair sin agus fágadh na ceardchumainn agus an tír níos laige dá barr.

Is ábhar conspóideach é impleachtaí agus iarmhairtí na géarchéime sin, ach dá dheasca sin tá cúram orainn uilig anois bealach níos éifeachtaí a aimsiú, le saol níos iomláine, níos cothroime agus níos cirte a chruthú don phobal, in Éirinn, san Aontas Eorpach, agus ar fud an Domhain Mhóir.

An féidir linne, muintir na hÉireann, córas a chruthú atá níos gaire do Phoblacht na nOibrithe, an aisling gheal a bhí ar intinn ag Séamus Ó Conghaile agus trodaithe an Airm Chathartha, seachtain na Cásca 1916?

Is ceardchumannaí é Des Geraghty

Cumann na nDaoine

Tá mórán bainte amach ag an CLG. Mar sin féin, creideann **Dara Ó Cinnéide** go mbeidh dúshlán le sárú ag an eagras san am atá le teacht



Agus Comóradh 125 bliain ó bhunú Chumann Lúthchleas Gael ar tí tosnú sé bliana ó shin ceistíodh an tArd-Stiúrthóir, Páraic Duffy, ar an léamh a bheadh ag bunaitheoirí CLG ar eagraíocht an lae inniu. Bhí an méid seo le rá aige: "Theastaigh uathu aitheantas náisiúnta agus aitheantas pobail a bhunú agus a mhúnlú trí mheán na gcluichí. Is dóigh liom go mbeidís an-sásta go bhfuil éirithe linn é sin a chaomhnú i saol atá de shíor ag claochlú faoi thionchar an domhandaithe. B'fhéidir go mbraithfidís go bhféadfaí breis a bhaint amach maidir le cultúr agus le teanga, ach tríd is tríd, chaithfidís géilleadh go ndearnadh an cúram go maith ainneoin na ndúshlán go léir a bhain leis."

D'fhéadfaí a rá gur leagadh an bhunchloch don rath atá inniu ar Chumann Lúthchleas Gael sna blianta sin díreach roimh 1916 nuair a bhí borradh ag teacht faoi fhealsúnacht an náisiúnachais chultúrtha agus tráth a raibh an tsiombail is mó atá luaite leis an eagraíocht inniu, Páirc an Chrócaigh, á buanú mar láthair imeartha agus mar aonad riaracháin do Chumann Lúthchleas Gael.

B'in í an ré, chomh maith, inar tháinig na tréithe go léir a shamhlaigh an Piarsach leis an nGael agus lena shliocht chun cinn: an mhistéir, an uaisleacht, an bhuanseasmhacht, an tuiscint ar leith ar an dúlra, agus tuiscintí eile bunaithe ar thraidisiún ársa na tíre. Ba bhranar ullamh chun síl é pobal Chumann Lúthchleas Gael ag an am agus b'fhurasta múnlú agus forleathadh a dhéanamh ar idéil agus ar choincheapa ar nós obair dheonach, íobairt agus gníomh ar son cúise.

Ba iad Ciarraí agus an Lú an dá chontae peile ba threise sna blianta sin ag tús na haoise seo caite, agus tar éis dóibh casadh ar a chéile i gcluiche ceannais Chorn Cuimhneacháin an Chrócaigh i mBealtaine na bliana 1913, agus arís san athimirt, bhí dóthain sa sparán ag CLG chun an áit ar a dtugtar Páirc an Chrócaigh inniu a cheannach.

Ní fhéadfadh aon duine tuar a dhéanamh ar a raibh i ndán do CLG ná dá cheanncheathrú an uair úd. Gníomh fadradharcach a raibh fís an-soiléir taobh thiar de ba ea ceannach na páirce ach cá bhfuil rian na físe i saol an spóirt Ghaelaigh inniu, agus an bhfuil an aisling dhúchasach a bhí chomh dlúth le croíthe cheannairí an Éirí Amach á fíorú ar mhachairí spóirt na linne seo? An bhfuil an misneach, an diongbháilteacht agus an creideamh céanna ina gcultúr dúchais á léiriú inniu is a bhí á léiriú, mar shampla, ag an 12 bord contae a thaobhaigh le hÓglaigh Eoin Mhic Néill 100 bliain ó shin?

Níl ach deich mbliana ann ó bhí Páirc an Chrócaigh luaite mar íomhá chruthanta den dul chun cinn agus den uaillmhian a bhain le CLG agus leis an tír i gcoitinne. Go deimhin féin, ar feadh seala roimh an gcúlú eacnamaíochta, ba shamhail é Páirc an Chrócaigh de na féidearthachtaí go léir a bhí ag síneadh os ár gcomhair amach go mealltach. Anois agus an chuid is measa de ré sin an uafáis thart, cad atá i ndán do chluichí na nGael, agus anuas air sin, do chluichí na nGall?

> "Braitheann fíoréagsúlacht chultúrtha ar thumadh sa chultúr áitiúil ach caithfidh dearcadh idirnáisiúnta bheith ann freisin

Tá glactha agam féin leis le blianta fada nach féidir cuid de na spriocanna cultúrtha a bhíodh tráth ag CLG a bhaint amach.

De réir mar a tháinig maolú ar an bhfaobhar polaitiúil a bhain le náisiúnachas na hÉireann, tháinig bogadh, leis, ar na gothaí agus ar an reitric a d'eascair as luathaidhmeanna CLG.

Tá sé ríshoiléir ó aon iniúchadh a dhéantar ar stair CLG, áfach, go raibh cuid de na spriocanna sin míréadúil. Ar an bhfianaise atá sa dá shárleabhar sin a foilsíodh le déanaí, *Sport & Ireland, A History* le Paul Rouse agus *The GAA & Revolution in Ireland 1913-1923*, in eagar ag Gearóid Ó Tuathaigh, is léir go ndearnadh mórán éagóra in ainm na spriocanna cultúrtha céanna. Dá gcuirfeá ceist ar aon imreoir atá ag imirt inniu faoi scor Uachtarán na hÉireann, Dubhghlas de hÍde, mar Éarlamh CLG in 1938, nó faoi ról trasnaíochta na hEaglaise Caitlicí in imeachtaí spóirt i lár an chéid seo caite, tá gach seans gur beag eolas a bheadh acu fúthu.

Bhíodh sé i gceist riamh anall go raibh imreoirí beag beann ar an idé-eolaíocht agus ar an bpolaitíocht a bhain lena gcluichí féin ach sa lá atá inniu ann is leor dúinn go léir go mbeadh imreoirí, idir óg agus aosta, ag glacadh páirte sna cluichí ar mhaithe le sásamh a bhaint astu. Ní gá aon bhrí bhreise a chur leo. Bhí gá leis an idé-eolaíocht agus leis an gcáilíocht bhreise sin 100 bliain ó shin toisc go raibh an cultúr dúchasach faoi chois agus faoi cheilt ag cúinsí polaitiúla. Nuair a bhí an sprid Ghaelach i mbaol a hídithe, bhí fuascailt le fáil sa spórt. Más aon slat tomhais líon na rannpháirtithe inniu, d'fhéadfaí a áiteamh nach raibh bail chomh folláin riamh ar na cluichí dúchasacha is atá faoi láthair.

Ba é an neart ba mhó a bhí ag CLG i gcónaí ná a chumas cluichí a chur ar fáil ar bhonn deonach don bpobal áitiúil.

Tá mórán cainte á dhéanamh sa 21ú haois faoi dhúshlán an rómheáchain agus an mhurtaill i measc leanaí ach ní dócha go raibh oiread cluichí agus oiread cláracha fiúntacha aclaíochta ar fáil riamh don aos óg is atá le deich mbliana anuas. Tá bláthú niamhrach, leis, tagtha ar líon na mban atá ag glacadh páirte i spórt de shaghas amháin nó de shaghas eile. Ní raibh Cumann Peile na mBan an daichead bliain féin ar an bhfód in 2008 agus bhí glan os cionn 130,000 imreoir agus 1,100 fochumann ann. Ba é an dála céanna é ag sacar na mban agus 6,500 imreoir agus 350 foireann cláraithe le Cumann Sacair na hÉireann. Maidir le rugbaí na mban, tá foireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann agus a ngaiscí ar pháirc na himeartha tar éis a chinntiú go bhfuil go leor laochra ag an nglúin óg le bheith ag déanamh aithrise orthu as seo go ceann tamaill.

I réimsí eile den spórt, tá leithéidí Sonia O'Sullivan agus Katie Taylor tar éis gradam a thuilleamh agus a chinntiú go mairfidh a gcáil go deo.

Ag scríobh dó san *Irish Times* roinnt



blianta ó shin, dúirt an tOllamh le Socheolaíocht i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Tom Inglis, go bhfuil rud ar leith ag titim amach i saol na tíre le blianta beaga anuas. Dar le Inglis, tá an spórt ag tógaint áit an chreidimh sa tír de réir a chéile sa tslí go dtaibhseofaí duit gur mó a dhéanann daoine iad féin a ionannú le treibh spóirt anois seachas le haon chreideamh ar leith.

Tugann an spórt eochair do dhaoine lena ndéanann siad forbairt ar na cumais éagsúla a bhaineann le nascadh agus le dlúthú pobail. Na deasghnátha a bhaineann le teacht le chéile agus le bheith ag faire ar spórt cruthaíonn siad sprid phobail.

Cabhraíonn imeachtaí spóirt le daoine teacht i dtír ar ghnáthchúraimí an tsaoil agus uaireanta osclaíonn siad doirse ar shaol eile ar fad. Sa mhéid sin, mar a áitíonn Inglis, tá gné spioradálta ag baint le cluichí áirithe.

Toisc go bhfuil Dia agus slánú an duine bogtha go dtí an réimse pearsanta agus príobháideach i saol na linne seo, deir Inglis go bhfuil an spórt tar éis an folús a líonadh sa saol poiblí. B'fhéidir go ndéarfadh scata go bhfuiltear ag dul thar fóir leis an gcomparáid ach, má tá féin, is ar éigean é. Níl cúrsaí spóirt agus Cumann Lúthchleas Gael, go háirithe, faoi anáil na heaglaise a thuilleadh. Tá comharthaí áirithe ann go bhfuil an clubtheach ag tógaint áit an tséipéil sa pharóiste. Is ann a chasann na daoine ar a chéile agus is tríd a leagtar amach timthriall na seachtaine agus na bliana.



Athimirt iomána Chraobh Uile-Éireann 2014, Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann ag máirséail roimh an chluiche. Captaen Chiarraí, Séamus Moynihan, ag glacadh le Corn Sam Mhig Uidhir.
GRIANGHRAIF: (THUAS) JAMES CROMBIE/INPHO AGUS (THÍOS) DAVID SLEATOR/THE IRISH TIMES

Sa saol sin atá ag claochlú is ag síorathrú faoi bhrú ón domhandú, tá an nasc a chruthaíonn CLG idir an duine aonair agus an rud áitiúil, an-speisialta go deo. Is rud ar leith é a dhéanann idirdhealú idir ár gcluichí dúchasacha agus na cluichí eile go léir a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo.

B'fhéidir nach bhfuil na saintréithe cultúrtha ag baint le cluichí na nGael sa lá atá inniu ann is a bhí á n-éileamh ag ceannairí 1916 ach tá éagsúlacht chultúrtha ag baint leo a thugann seasamh ar leith dóibh siúd a ghlacann páirt iontu. Is rud ann féin é sin chomh maith. Braitheann fíoréagsúlacht chultúrtha ar thumadh sa rud logánta agus sa chultúr áitiúil ach caithfidh dearcadh idirnáisiúnta bheith ann ar son na cothromaíochta chomh maith.

Ós ag trácht ar chothromaíocht é, tá treo áirithe gafa ag Cumann Lúthchleas Gael anois is arís a chuireann an saol as a riocht ag gnáthbhaill na heagraíochta. Cé go maítear a mhalairt,is ar mhaithe le hairgead agus le cúrsaí tráchtála a ghabhtar an treo sin de ghnáth.

Léiríonn tuarascáil airgeadais CLG don mbliain 2014 go raibh teacht isteach iomlán de €56.2m ag an Ard-Chomhairle, méadú 3 faoin gcéad ar theacht isteach na bliana roimhe sin. Bhí laghdú ar theacht isteach tráchtála ó €17.3m go €16.1m agus maidir leis an gcnámh spairne is mó, bhí méadú beag ar theacht isteach ó na meáin chumarsáide (€10.09m go €10.44m) sa bhliain ar shínigh CLG conradh craoltóireachta le hollchomhlacht na Breataine, SKY. B'in tar éis dóibh a rá go neamhbhalbh agus go minic nach ndéanfaidís a leithéid go deo.

Ba gheall le tonnbhriseadh an tseanghnáthaimh é sin ag CLG toisc gurb é an chéad uair a d'fhág eagraíocht amaitéarach pobalbhunaithe cuid den bpobal sin as a n-eascraíonn na cluichí ar an bhfán chomh fada is a bhain le cluichí tábhachtacha craoibhe de.

Den gcéad uair ó thosnaigh CLG á gcur féin amach agus ag fiagaíocht i ndomhan na tráchtála cúig bliana fichead ó shin, ba chosúil go raibh an tairseach sin idir sprid na tráchtála, sprid na fiontraíochta agus sainsprid CLG sáraithe agus beidh sé deacair, dar liom, filleadh arís agus tógaint as an nua ar an éirim dheonach sin a chruthaigh agus a chothaigh an eagraíocht agus an ghluaiseacht ó thús ama.

Tá gach seans ann go ndúradh a leithéid cheana agus má tá aon ní foghlamtha againn le 100 bliain anuas ó stair an spóirt, stair Chumann Lúthchleas Gael go háirithe, tá go n-athraíonn an port ó ghlúin go glúin agus ó ré go ré.

Agus maireann na cluichí le himeacht aimsire. Chreid daoine 100 bliain ó shin go raibh feidhm mhorálta leis an spórt i múnlú an duine. Bíonn ceisteanna ar nós chothrom na Féinne, ceart agus cóir agus ionracas fite fuaite leis an ról atá ag an spórt féin i bhforbairt an náisiúin.

Is craoltóir ar TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta é Dara Ó Cinnéide

Ag cur oideachais ar an náisiún

Thuig Conradh na Gaeilge tábhacht an oideachais. Scrúdaíonn **Muiris Ó Laoire** na chéad chonraitheoirí agus cur chun cinn an léinn

Ní fhéadfaí a mhaíomh go maireann ceangal díreach idir Éirí Amach 1916 agus an Ghaeilge sa chóras oideachais.

É sin ráite, tuigtear láithreach go bhfuil dlúthghaol eatarthu mar ba as tobar na réabhlóide céanna a d'eascraíodar. Cé gur mór idir réabhlóid mhíleata, shóisialta, chultúrtha mar 1916 agus gluaiseacht chultúrtha teanga ar nós Chonradh na Gaeilge, rinneadh sintéis eatarthu i gcliabhán an náisiúnachais sa 19ú haois, cé go raibh náisiúnachas cultúir agus náisiúnachas an phoblachtánachais chun malairt slite a thógáil ar deireadh nuair a tharla 'scoilt' ag Ardfheis 1915.

Ba i gcliabhán an náisiúnachais chultúir a fuineadh agus a fáisceadh smaointe na gconraitheoirí i leith chaomhnú agus athréimniú na teanga. Tuigtear go forleathan gurbh é cúis bhunaithe Chonradh na Gaeilge ná saothrú litríocht na Gaeilge a athbheochan agus cosc a chur le meath na teanga. Chuir an Conradh roimhe mar sprioc an Ghaeilge a chaomhnú, a leathnú agus a chur chun cinn mar ghnáth-theanga na tíre.

Má dhéantar smaointe de hÍde, bunaitheoir Chonradh na Gaeilge, a rianú i bhfad siar, feicfidh tú, mar shampla, nár shamhlaigh seisean an t-athneartú teanga ar dtús le gluaiseacht ar scála mór náisiúnta. Níor shamhlaigh sé ag an bpointe sin go mbeadh an Béarla á dhíchur, mar shampla, in aon mhórphróiseas athshlánaithe teanga.

I léacht a thug sé don Chumann Gaelach, a foilsíodh in *The Irish American* ar 27ú Meitheamh 1891 (dhá bhliain roimh bhunú an Chonartha), feicimid go raibh sé ag smaoineamh ar chaomhnú agus ar shlánú na teanga sa Ghaeltacht den chuid is mó.

Níor leasc leis a dhearbhú nach raibh ar intinn ag aon duine an teanga a athréimniú lasmuigh den Ghaeltacht: "I do not for a moment advocate making Irish the language of the country at large or of the National Parliament. I do not want to be an impossible visionary. What I want to see is Irish established as a living language for all time among the million or half million who still speak it along the west coast and to ensure that the language will hold a favourable place in teaching institutions."

Chuir Conradh na Gaeilge roimhe mar cheann dá chuid spriocanna ardstádas a bhronnadh ar an teanga ar na cláir léinn sna scoileanna i dtreo is go mbeadh sí ar comhchéim leis an nGréigis, leis an Laidin agus leis na nuatheangacha eile. Staidéar acadúil ar an teanga a bhí mar sprioc acu.

Ach i ndiaidh a chéile, bhí téis á cur chun tosaigh go raibh caomhnú na teanga sna ceantair Ghaeltachta agus athbheochan na teanga lasmuigh díobh ceangailte go dlúth le múineadh agus le foghlaim na Gaeilge ar scoil. Feicimid, mar shampla, gur reáchtáil Conradh na Gaeilge mórfheachtas oideachais idir 1893 agus bunú Shaorstát Éireann in 1922. Anseo, ba ar mhúineadh na teanga sna scoileanna a bhí príomhspriocanna an Chonartha bunaithe.

Cuireadh tús le troid go mbeadh cead ag múinteoirí Gaeilge a mhúineadh dá ndaltaí le linn na ngnáthamanna scoile. D'fhoilsigh an Conradh leabhair theagaisc agus leabhair léitheoireachta do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. D'eagraigh timirí, múinteoirí taistil agus craobhacha den Chonradh ranganna Gaeilge ar fud na hÉireann.

D'oscail an Conradh coláistí inar oileadh daoine chun Gaeilge a mhúineadh. Bunaíodh ceangal agus coibhneas idir Gaeilge agus an scoil, coibhneas a mhair go ceann i bhfad agus a mhaireann fós. Ní hamháin go rabhthas meáite ar aitheantas a thabhairt don teanga trí í a chur ar chláir na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna araon, ach creideadh de réir a chéile go bhféadfaí athbheochan teanga a thabhairt chun críche trí mheán córas éifeachtach múinte teanga amháin.

Tá sé suimiúil, áfach, gur admhaigh Eoin Mac Néill, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge agus an chéad aire le hoideachas i nDáil Éireann, in alt leis in *An Claidheamh Soluis* (2ú Samhain 1900,) nár leor tionscnamh na hathbheochana a ionannú le dianmhúineadh na teanga sna bunscoileanna: "There can be no greater delusion than to imagine a language can be kept alive by teaching alone. A language can have no real life unless it lives in the lives of the people."

In *Toghairm agus Gléas oibre Chun Gluaiseacht na Gaeilge do chur ar aghaidh in Éirinn* (1893) dúirt sé: "Teanga ar bith níor mhair beo riamh nár mhair cois teallach na tuaithe. Gé tábhachtach an ní é an Ghaeilge do mhúineadh, ní hé an ní is mó tábhacht é. Is í céadobair is indéanta dúinne an Ghaeilge do choimeád beo cois na dteallach." Athneartú teanga cois teallaigh an rud ba thábhachtaí ar fad, dar leis, cé go raibh a tábhacht féin ag an teanga san oideachas. Chreid an Piarsach amhlaidh ach ba spéis leis-sean córas an oideachais dhátheangaigh.

Ba nuálaí oideachasúil é an Piarsach a d'aithin an t-idirdhealú idir oideachas cuimsitheach agus an scolaíocht thraidisiúnta a bhain leis an gcóras impiriúil.

Thuig seisean an damáiste a bhí córas aonteangach scolaíochta (an Béarla sa Ghaeltacht sa chás seo) a dhéanamh d'fhorbairt shíceolaíoch agus chogneolaíoch na bpáistí. Scríobh an Piarsach léirmheas ar leabhar a scríobh T.R. Dawes ó Ollscoil Aberystwyth, *Bilingual Teaching in Belgian schools* (1903), agus spreag sé sin tuilleadh suime agus fiosrachta san oideachas dátheangach ann.

Ba í an chuairt a thug sé ar an mBeilg in 1905 a chuir go mór lena chuid tuisceana ar an dátheangachas agus a d'fhág go raibh sé tiomanta go mór dó mar chóras chun an Ghaeilge a athneartú.

Fad a bhí sé sa Bheilg, thug sé cuairt ar 30 scoil dhátheangach ina raibh an Fhraincis agus an Phléimeannais á n-úsáid araon chun ábhair an churaclaim a mhúineadh.

Ar fhilleadh ar Éirinn dó, scríobh sé sraith alt do *An Claidheamh Soluis* idir Lúnasa 1905 agus Márta 1907 ina ndearna sé plé agus iniúchadh ar na mionsonraí a bhain leis an gcur chuige dátheangach a bhí á chleachtadh sna seomraí ranga ann.

Léiríonn a chuid scríbhinní ar fad ar na scoileanna sa Bheilg go raibh sé an-tógtha leis an modh dátheangach, is é sin ábhair áirithe a bheith á dteagasc i dteanga amháin, agus ábhair eile arís á dteagasc sa teanga eile.

Bhí an Bhreatain Bheag á húsáid chomh maith mar eiseamláir aige agus bhí sé an-tógtha leis na cosúlachtaí a bhí idir stádas na Pléimeannaise agus na Gaeilge

anonn go dtí tús an 19ú haois.

Bhí sé go mór ar son an dá theanga a bheith á dteagasc le chéile. Cé go raibh sé ag díriú ina chuid scríbhinní ar an ábhar seo ar na scoileanna Gaeltachta ach go háirithe (*An Claidheamh Soluis*, 2ú Feabhra 1904), bhí sé ag súil go gcuirfí an modh dátheangach sin i bhfeidhm lasmuigh di chomh maith.

Eascraíonn mórcheist amháin ón bplé seo: má bhí an oiread sin tionchair ag an oideachas dátheangach ar an bPiarsach, cad ina thaobh gur fágadh an modh dátheangach seo ar leataobh?

Nuair a bunaíodh Saorstát Éireann, sa bhliain 1922, d'fhéach an rialtas nua le polasaithe radacacha a chur i bhfeidhm chun oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil go forleathan. Ach ba mhó de smaointe T.J. Corcoran ná de mholtaí an Phiarsaigh a bhí laistiar den pholasaí bunscoile a tugadh isteach in 1922.

Ollamh le hOideachas i gColáiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath ba ea Corcoran agus d'imir sé tionchar an-mhór ar chúrsaí oideachais tríd an ollúntacht agus trína liacht scríbhinní agus alt a chuir sé i gcló.

Chreid sé go diongbháilte go bhféadfadh na scoileanna an Ghaeilge a athbheochan. Bhí sé suite de gurbh iad na bunscoileanna ó 1832 ar aghaidh thar aon ní eile a scaip agus a leath cumas sa Bhéarla ar fud na tíre.

D'áitigh sé, dá bhrí sin, go bhféadfadh na scoileanna náisiúnta an próiseas a iompú droim ar ais trí pholasaí lánéifeachtach tumoideachais. Ón uair sin ar aghaidh rinneadh ceangal láidir idir an scoil agus an Ghaeilge. Maireann an rócheangal sin go dtí ár linn féin.

Má rianaítear smaointe na gcéad-Chonraitheoirí seo, feictear go raibh nóisin éagsúla acu i leith athneartú na teanga, seachas an coincheap athneartaithe a cuireadh chun cinn le linn bhlianta luatha an tSaorstáit. Samhlaíodh ról ag an dátheangachas san athneartú, cuir i gcás, seachas an t-aonteangachas amháin.

Níorbh é an t-oideachas an phríomháisíneacht phleanála teanga ach oiread, ach measadh go mbeadh gá le tacaíocht phobail agus go mbeadh an teanga á hathbheochan cois teallaigh. Thar aon rud eile, bhí smaointe sin na gcéad-Chonraitheoirí leabaithe sa náisiúnachas cultúir.

Bhí an náisiúnachas cultúir ag borradh ar fud na hEorpa sa 19ú haois, náisiúnachas a shamhlaigh náisiúnstát ní le críocha tíreolaíocha ach le teanga agus cultúr comhchoiteann.

Portráid an Uachtaráin – William Conor i mbun pictiúir de Dhubhghlas de hÍde, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge. Grianghraf: Brenda Fitzsimons

Tá a chomharthaí sóirt le sonrú ar shaothar na bhfealsamh agus na scríbhneoirí mar Herder, Fichte agus Von Humbold. Gluaiseacht rómánsach fhrith-nua-aoiseach a bhí i gceist a d'áitigh go raibh dlúthbhaint ag teanga le haon sainmhíniú a dhéanfaí ar náisiúnachas.

Is ar éigean a thuig cosmhuintir na tíre an cineál náisiúnachais seo agus ní móide go rabhadar páirteach ann. Thaobhaigh daoine leis an bhfeachtas ar son Reipéil Uí Chonaill, d'fhonn a gcás féin a chur ar aghaidh agus níl aon fhianaise ann gur chuir dearcadh frith-Ghaeilge Uí Chonaill isteach ar an tacaíocht phobail a fuair sé.

Maíonn staraithe anois gur bhain náisiúnachas Éireannach an 19ú haois go dlúth le toise shocheacnamaíoch an phobail féin.

Ba í gluaiseacht na talún a d'fheidhmigh mar chomharthaí sóirt an náisiúnachais sin. Caithfear a thuiscint, mar sin, mar a dúirt Kevin Nowlan in *The Making of 1916: Studies in the History of of the Rising* (1969) gur "utilitarian attitude" a bhí mar bhonn leis an náisiúnachas ag deireadh an 19ú haois. Seo an cineál 'náisiúnachais' a raibh toise rábach shocheacnamaíoch folaithe ann agus ar tháinig Conradh na Gaeilge i gcomharbas air i ngan fhios dó féin ag deireadh an 19ú haois nuair a sholáthair sé réasúnaíocht d'athbheochan na Gaeilge a bhí go mór faoi anáil an náisiúnachais chultúir.

Cé go raibh smaointe radacacha i leith athneartú teanga ag de hÍde, Mac Néill agus ag an bPiarsach, mar a léiríodh san alt seo, ní bheadh bá iomlán na cosmhuintire riamh leo. Chuir an Stát leagan dá gcuid smaointe seo i bhfeidhm ach chuathas an iomarca i dtuilleamaí an chórais oideachais d'fhonn iompú teanga ar ais i dtreo na Gaeilge a thabhairt chun críche agus níor sainíodh riamh a raibh i gceist le dátheangachas.

Agus ceiliúradh 1916 ar bun againn, b'fhiú dúinn filleadh ar na smaointe sin agus dul i mbun athmhachnaimh ar na físeanna nár comhlíonadh.

Is léachtóir é Muiris Ó Laoire

Guth áitiúil uilíoch

Tá Foras na Gaeilge ag cothú na n-ealaíon ó bunaíodh é. Tugann **Deirdre Davitt** léargas ar an obair mhór atá déanta go dtí seo

"I would like the reader to believe with time that it is not the blood that the Irishmen have taken which has given them what appears to be their liberty. But it is the gallons of blood which they have willingly given themselves. It is not the fear of losing more lives that has compelled a reluctant offer from England, but it is the shame of any further imposition of agony upon a people that loves its liberty above anything else. It is the magnitude of the Irish sacrifice which has been the deciding factor."

– Mahatma Gandhi, 192

Níorbh aon scliúchas áitiúil é Éirí Amach na Cásca, ach gníomh a ndeachaigh an íobairt agus an fhís a bhain leis ar fud na cruinne, chuig codanna eile d'Impireacht na Breataine a raibh tuar dóchais uathu le fada – an India, cuir i gcás. Bhí na milliúin san India a fuair spreagadh ón bhfís a bhí ag lucht an Éirí Amach, is é sin neamhspleáchas cultúrtha, eacnamaíoch, agus polaitiúil a bhaint amach i ndeireadh na dála.

Bhí cur amach ag an bPiarsach agus ag Rabindranath Tagore (an chéad Áiseach ar bronnadh Duais Nobel air), file, oideachasóir agus fear Renaissance den scoth, ar shaothar a chéile.

Thuig an bheirt acu an damáiste a bhí déanta ag an 'Murder Machine', an meaisín bolscaireachta a dhéanfadh mion-Sasanaigh de mhuintir na hÉireann agus na hIndia araon; d'fhéach an bheirt acu siar agus bhlais siad dá bhfréamhacha ársa cultúrtha agus bhunaigh an bheirt acu scoileanna – Scoil Éanna na bPiarsach agus Shantiniketan Tagore ('Scoil Éanna na hIndia').

Is maith a thuig siad an cothú intleachtach agus spioradálta a thiocfadh as na fréamhacha ársa sin a uisciú agus a athnuachan, an cothú agus an fuinneamh a bhí riachtanach chun cur in aghaidh na dteicnící bolscaireachta a bhí chomh snasta sin ag a máistrí coilíneacha. Chreid siad go raibh an córas oideachais ina bhac ar an gcruthaitheacht sa mhéid gur monarcha a bhí sa chóras sin a chuirfeadh ar fáil daoine óga a mbeadh luachanna, teanga, cultúr agus traidisiúin Shasana á gcothú.

Ní fada a mhairfeadh a gcultúr suaithinseach féin dá mbeidís gearrtha óna dtraidisiún féin agus óna bhfoinsí dúchais. Agus, ar ndóigh, thuig an bheirt acu go raibh géarghá le saoirse intleachtach, saoirse chultúrtha agus saoirse spioradálta má bhí athbheochan cultúrtha i ndán dá dtíortha agus sa mhéid sin bheidís ag teacht leis an dearcadh atá ag gach fealsamh a chuir peann le pár riamh i dtaca leis na healaíona de: saoirse an ealaíontóra an bhunchloch, an *sine qua non*.

An Fánaí

Chuir áilleacht an domhain seo cumha orm,
An áilleacht seo a imeoidh;
Uaireanta cuireann iora preabach i gcrann
Na smóilíní ag sclimpireacht i mo chroí
Nó bóín Dé ina dearg loinnir ar ghas
Nó coiníní beaga i ngort sa chlapsholas
Is an ghrian á bpógadh,
Nó cnoc glas éigin is scáileanna ag gabháil thar bráid,
Cnoc ciúin éigin is sléibhteánach ag cur síolta ann,
Ní fada uaidh an fómhar, gar do gheataí neimhe;
Nó páistí cosnochta sa ghaineamh
Is an taoide tráite, nó iad ag spraoi ar na sráideanna
I mionbhailte Chonnacht,
Nithe óga is iad sona.
Is ansin do labhair mo chroí liom:
Ní mhairfidh,
Ní mhairfidh, athróidh, is caillfear go deo iad,
Nithe geala glasa, nithe óga is iad sona;
Is tá mo chúrsa curtha díom agam
Faoi smúit.

(Cumtha ag Pádraig Mac Piarais i gcarcair Chill Mhaighneann tamall gearr sular cuireadh chun báis é. Aistrithe ag Gabriel Rosenstock)

Traidisiún ilghuthach ilghnéitheach é traidisiún na Gaeilge agus na healaíona Gaeilge atá á gcleachtadh inniu.

Cuid dá neart agus dá dhraíocht is ea é a bheith faoi bhagairt.

Is traidisiún Críostaí agus págánta araon é a chuimsíonn an guth caoin cráifeach agus an guth garbh raibiléiseach, an guth uirbeach agus an guth tuaithe, an guth áitiúil agus an guth uilíoch.

Dá réir sin is réimse uathúil atá sna healaíona Gaeilge a thugann an-sásamh aeistéitiúil dóibh siúd a théann á lorg.

Tá miotais, finscéalta agus síscéalta fite fuaite tríd an oidhreacht sin atá mar ábhar láidir inspioráide ag ealaíontóirí de gach saghas – an drámadóir, an t-aisteoir, an péintéir, an dealbhóir, an cumadóir agus an scannánóir ina measc.

Más seasc iad foirmeacha áirithe den ealaín chomhaimseartha, ní hamhlaidh a bheadh murach foinsí na cuimhne, an dúchais agus an traidisiúin a bheith ligthe i ndearmad nó caite i dtraipisí.

Seo í fairsinge scóipiúil an ghoirt ina mbíonn na healaíona Gaeilge á saothrú, cuir i gcás na taibhealaíona; tagann chun cuimhne léirithe sárcháilíochta ar nós *Bullaí Mhartain* (Na Fánaithe/Deilt), *Tine Chnámh* le Liam Ó Muirthile, mar aon le *Dún na mBan trí Thine* le hEilís Ní Dhuibhne, *Ceacht Houdini* le Michael Harding agus *An Ghráin agus an Ghruaim* le Alan Titley agus saothar Dhiarmada de Faoite – *Pádraig Ó Conaire* agus *Paris Texas*.

Le bunú Fhoras na Gaeilge in 1999, bhláthaigh na healaíona Gaeilge agus tháinig complachtaí nua drámaíochta do pháistí agus d'aosaigh chun cinn ar nós Branar, Fíbín, Graffiti as Gaeilge, Ababú, Púca Puppets, Aisling Ghéar, Moonfish, Splódar, Mouth on Fire, Opus Eile, Dowtcha Puppets, Little Wolf, drámadóirí ar nós Manchán Magan, ionaid ar nós Axis agus tionscadail drámaíochta ar nós Meitheal na mBeag, Guthanna Binne Síoraí agus Playography na Gaeilge.

Go leor de na complachtaí seo, tá clú agus cáil orthu thar lear – Branar i gCríoch Lochlann, Fíbín sa Mhaláiv, Mouth on Fire sa tSeapáin, Aisling Ghéar sna Stáit Aontaithe, Axis sa Pholainn, Little Wolf in Albain agus Guthanna Binne Síoraí san Áise.

Céad bliain ó shin, ní nach ionadh go raibh na healaíona fite fuaite leis an náisiúnachas mar gheall ar an gcomhthéacs polaitiúil agus stairiúil ag an am.

Le himeacht aimsire, tháinig fís nua chun cinn a tharchéimnigh an náisiúnachas agus coincheapa ar bith a chuirfeadh teorainn le cúrsaí cultúir agus teanga, fís a léirigh meas ar an smaointeoireacht agus ar an dearcadh radacach.

Ba iad aidhmeanna Bhord na Gaeilge/Fhoras na Gaeilge ón tús ná na healaíona Gaeilge a chur chun cinn ar mhaithe leis na healaíona féin agus ní mar mhír thánaisteach de chlár oibre an Stáit i leith athbheochan na Gaeilge – iad a fhorbairt agus a chothú ar bhonn gairmiúil, a stádas a mhéadú agus aitheantas a bhaint amach dá réir in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tugadh faoi thallann úrnua, chruthaitheach, ardcháilíochta a aithint agus a mhisniú, tallann arbh fhiú infheistiú inti agus a chruthódh naisc ilchultúrtha fhónta i measc cleachtóirí sa bhaile agus i gcéin.

Croílár na gcuspóirí sin ná saoirse ealaíontóirí a aithint agus a chosaint agus ardmheas a léiriú ar a n-ionracas agus ar a neamhspleáchas – an *sine qua non*.

Tá ról an ealaíontóra Ghaeilge íogair, dúshlánach agus aonaránach, ról a éilíonn misneach, diongbháilteacht agus teacht aniar, ag maireachtáil ar ioncam íseal agus faoi scáth éiginnteachta maidir le deiseanna fostaíochta agus maoiniú ar bhonn leanúnach, ainneoin thionchar dearfach na n-ealaíon ar gheilleagar na tíre agus an spreagadh a chothaíonn siad le haghaidh foghlama, fionnachtana agus dul chun cinn pearsanta.

Is láidre ná riamh tionchar dhomhan an

Kíla i mbun ceoil – cuid den chlár ceoil agus cumadóireachta ar thacaigh Foras na Gaeilge leis.
Grianghraf: Alan Betson

Bhéarla orainn sa lá inniu agus, anuas air sin, is cinnte go bhfuil polasaí cinedheighilteach i leith na n-ealaíon Gaeilge á fheidhmiú ag leibhéil éagsúla den státchóras, ag an earnáil phríobháideach, ag na meáin agus ag earnáil na n-ealaíon féin.

D' éirigh le Foras na Gaeilge clár leathan beoga, ilchultúrtha a thionscnamh, a mhaoiniú agus a chothú a chuimsíonn níos mó ná 60 féile; tionscadail scannánaíochta; foilseacháin; comhdhálacha agus léachtaí ; scéalaíocht agus amhránaíocht; ceol agus cumadóireacht; institiúidí agus ionaid chultúrtha; Institiúid Téatar na hÉireann, Alliance Francaise, Goethe Institute, Instituto Italiano; na healaíona traidisiúnta, tionscadail ardcháilíochta ar nós An Béal Binn agus Scoil Cheoil an Earraigh; ceardlanna oiliúna scríbhneoireachta; ceardlanna do dhealbhóirí agus taispeántais ealaíne le Clíodhna Cussen; an t-aistriúchán liteartha; Cónaitheacht Phádraigín Ní Uallacháin in Ionad Filíochta Seamus Heaney, Ollscoil na Banríona; Playography na Gaeilge, tionscadal de chuid Institiúid Téatar na hÉireann ar acmhainn luachmhar ar líne é a dhíríonn ar léirithe stáitse gairmiúla agus leathghairmiúla Gaeilge sa tréimhse 1901-2010, breis is 796 dráma; saothar Mháire Uí Mhaicín, nach maireann, a dhírigh ar bhunachar de phortráidí de bheoscríbhneoirí na Gaeilge a chruthú.

Níl acmhainn níos mó againn ná ár gcultúr agus is ann atá ár mbrionglóidí, ár ndóchas agus ár n-uaillmhianta chun sinn féin a athnuachan agus a athshamhlú.

Iad siúd atá tiomanta do na healaíona Gaeilge, tá grá agus paisean á spreagadh toisc go dtuigeann siad leochaileacht an domhain ina mbíonn siad ag saothrú, domhan nach féidir luach a chur air.

Tugann a gcruthaitheacht agus a samhlaíocht léargas agus tuiscint dúinn ar an am i láthair agus ar an am atá thart agus spreagann siad inspioráid, misneach agus dóchas don am atá le teacht.

Sa bhliain 1913, eagraíodh léiriú eisceachtúil in Amharclann na Mainistreach d'fhonn airgead a bhailiú do Scoil Éanna. Teideal fáidhiúil an dráma ná *The Post Office*, leis an drámadóir Rabindranath Tagore a luadh ag an tús.

Aige siúd atá an focal scoir: "Death is not extinguishing the light, it is only putting out the lamp because the dawn has come."

Is iarfheidhmeannach le Foras na Gaeilge í Deirdre Davitt agus spéis ar leith sna healaíona aici

CAM REILIGE 1916-1966

Iadsan a cheap an riail,
'Mheabhraigh an dualgas,
A d'fhág fuarbhlas orainn,
Oidhrí na huachta,
Fé ndear gur leamh anois
Gach ní nach tinneall
Íogair ar fhaobhar lice
Idir dhá thine.

Fear lár an tsúsa
Conas a thuigfeadh san
Oibriú an fhuachta
Ar bhráithre na n-imeallach?
Cár ghaibh ár mbagairt ar
Fhear lár na fichille?
Amas a crapadh ar
Chiosaíbh an imeartha!

Lonnú is fearann dúinn
Bord na sibhialtachta;
Cad a bheir beatha ann
Seachas ar phrínseabal?
Ná caitear asachán
Linne - lucht céalacain -
B'shin a raibh d'acht againn;
Ár gcoir? Gur ghéill ann!

Máire Mhac an tSaoi